piab

Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries Assessment Board*

Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Tuarascáil Bhliantúil 2019



# An méid a dhéanaimid

**Is é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) comhlacht Stáit neamhspleách** na hÉireann a dhéanann éilimh ar **chúiteamh díobhálacha pearsanta** a mheasúnú ar bhealach tapa agus costéifeachtach, ag cinntiú go gcaitear go cothrom le gach páirtí.

**Baineann PIAB an gá le costais seachadta neamhriachtanacha** agus comhsheasmhacht na ndámhachtainí á chinntiú ag an am céanna. Déanann sé measúnú ar chúiteamh as díobhálacha arna bhfulaingt ag daoine i **dtimpistí mótair, timpistí san ionad oibre nó cásanna dliteanais phoiblí**, agus caithfidh gach cás teacht chuig PIAB mura socraíodh níba luaithe é.

Agus é sin á dhéanamh, soláthraíonn PIAB sochair shoiléire do **dhaoine aonair a d'fhulaing gortuithe** i dtimpistí, **dóibh siúd a ndéantar éileamh ina gcoinne** agus i gcás **earnálacha uile na sochaí a dtéann éilimh agus costais árachais i bhfeidhm orthu**.

Chomh maith le cásanna a réiteach go díreach ar chostas íseal agus go tapa, tá feabhsuithe móra ar an gcóras foriomlán éileamh mar thoradh ar chóras PIAB trí **fhaisnéis shoiléir a sholáthar agus idirphlé a éascú idir páirtithe a bhféadfadh socraíochtaí luatha a bheith mar thoradh orthu**. Sábhálann PIAB na mílte milliún euro gach bliain a d'íocfadh na páirtithe i gcostais phróiseála, agus sealbhóirí polasaithe ar deireadh thiar.

Tá an t-am a thógann PIAB chun cásanna a réiteach i bhfad laistigh dá chreat ama reachtúil 9 mí, (i gcomparáid le breis agus 3 bliana go stairiúil i ndlíthíocht) agus níl sa chostas seachadta ach codán beag de chostais dlíthíochta. **Glacann tromlach na n-éilitheoirí agus iad siúd a ndéantar éileamh ina gcoinne le measúnuithe neamhspleácha cúitimh PIAB**.

Is samhail dhearfach í an tsamhail atá againn don tsochaí i gcoitinne ós rud é go seachadtar cúiteamh níos tapa, le costais níos ísle agus le torthaí intuartha léi. Cuidíonn PIAB lena chinntiú go réitítear éilimh nach gá dóibh dul chun cúirte, **agus ar an gcaoi sin cinntítear go bhfuil cumas ag na cúirteanna sna liostaí do chineálacha eile cásanna**.

**Oibrímid go gníomhach le lucht déanta beartas agus le páirtithe leasmhara ar athchóiriú** san earnáil um réiteach éileamh, go ríthábhachtach trí shonraí a fhoilsiú chun treochtaí nó saincheisteanna agus feabhsuithe a aithint.

Thóg sé **7.8 mí ar an meán chun measúnú a dhéanamh ar éileamh in 2019 agus chosain an seachadadh 6.4% (den chúiteamh arna dhámhachtain)**.



# Clár Ábhar


Athbhreithniú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh 2

PIAB de réir uimhreacha – 2019 6

Athbhreithniú ar fheidhmíocht

- Éilimh agus dámhachtainí 8
- Samhail seachadta ar chostas íseal 14
- Seirbhís den scoth do chustaiméirí agus cumas feabhsaithe 16
- Ag cur go dearfach leis an timpeallacht réitithe éileamh 20

Ár nDaoine 23

An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 25

Rialachas 31

Súil Siar ar Chúrsaí Airgeadais 35

Ráiteas Airgeadais 39

Aguisín 70

# Athbhreithniú an Chathaoirligh agus an Phríomh-fheidhmeannaigh

D’fháiltigh PIAB roimh fhorbairtí tábhachtacha i mbeartas poiblí i rith na bliana lena n-áirítear an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú), 2019 a rith ina dhlí.



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*



**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*

Ba bhliain shuntasach í 2019 don PIAB, le cur i bhfeidhm na reachtaíochta ag neartú a chumhachtaí i réimse an chúitimh díobhálacha pearsanta, agus an dul chun cinn maidir le hathchóiriú.

Tharla sé sin go léir i gcoinne chúlra na gnóthachtála oibríochta i rith na bliana ar mhisean PIAB chun cúiteamh díobhálacha pearsanta a sheachadadh ar bhealach cóir, éifeachtach agus trédhearcach, agus réiteach éileamh níos fearr a spreagadh go gníomhach trí úsáid a bhaint as an tsamhail PIAB.

D’fháiltigh PIAB roimh fhorbairtí tábhachtacha i mbeartas poiblí i rith na bliana lena n-áirítear an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú), 2019 a rith ina dhlí, a neartaigh an reachtaíocht atá ann cheana agus ár gcumhachtaí, chomh maith le bunú Chomhairle na mBreithiúna, a leagfaidh síos treoirlínte ar dhámhachtainí díobhálacha pearsanta.

Ba chéimeanna chun cinn dearfacha iad sin lena raibh géarghá, mar ba bhliain í 2019 nuair a bhí dúshláin an-tromchúiseacha fós ann do chodanna leathana de shochaí na hÉireann mar gheall ar phréimheanna árachais an-arda, agus mar gheall ar infhaighteacht laghdaithe cineálacha áirithe cumhdaigh.

Tá an dá saincheist thromchúiseacha sin fós ina gcúis le damáiste trom do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide in Éirinn, agus le cur isteach tromchúiseach ar inmharthanacht raon leathan de ghrúpaí pobail, cúram leanaí agus spóirt, agus le tionchar diúltach ar thomhaltóirí faoi bhrú a mbíonn orthu préimheanna árachais arda a íoc. Bhí géarchéim os comhair eagraíochtaí sna réimsí sin le linn na bliana, agus is ní nach ionadh gur ghlaoigh siad ar athchóirithe práinneacha.

Nuair a eiseofar na treoirlínte ó Chomhairle na mBreithiúna, leanfaidh PIAB iad, ar ndóigh, agus tá sé ríthábhachtach go leanfar ar bhonn comhsheasmhach iad freisin acu siúd uile a dhéanann dámhachtainí agus a chomhaontaíonn socraíochtaí maidir le héilimh as díobhálacha pearsanta.

> "Costais ollmhóra i ndlíthíocht, i gcomparáid leis an gcóras PIAB"

## Follasacht maidir le costais éileamh

Ag deireadh 2019, bhí lúcháir orainn gur fhoilsigh Banc Ceannais na hÉireann (CBI) an chéad tuarascáil den Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Éilimh maidir le héilimh ghluaisteáin.

Díríodh aird leis an tuarascáil ar na costais ollmhóra a bhaineann le dlíthíocht mar shásra chun éilimh as díobhálacha pearsanta a réiteach, go háirithe nuair atá comhroghanna ar chostas íseal ar fáil amhail córas PIAB. Taispeánadh leis an tuarascáil gurbh ionann na costais dhlíthiúla a bhain le cásanna arna réiteach ag an PIAB agus 4 faoin gcéad de luach an chúitimh arna dhámhachtain. Ach nuair a chuaigh cás chun dlí, ba ionann na costais dhlíthiúla sin agus 63 faoin gcéad den chúiteamh, de réir na staitisticí.

Measann PIAB foilsiú na tuarascála sin mar an chéad chéim sa treo ceart. Ach teastaíonn follasacht níos mó, áfach, ó phríomhpháirtithe leasmhara eile. Teastaíonn uainn go bhfoilsítear costais éileamh ina n-iomláine lena n-áirítear costais dhlíthiúla agus costais leighis. Teastaíonn uainn freisin go gcuireann gach páirtí leis sin trína gcuid costas féin a fhoilsiú, lena n-áirítear costais seirbhísí gairmiúla, cosúil leis an dóigh a ndéanann PIAB.

Creideann PIAB go bhfuil sé an-tábhachtach go bhfoilsítear staitisticí maidir le costais na n-éileamh ar dhliteanas poiblí agus ar dhliteanas fostóirí a luaithe agus is féidir d'fhonn follasacht a chur chun cinn sna príomhréimsí sin do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí pobail.

## Coigilteas arna sheachadadh ag PIAB

Sábhálann PIAB na milliúin agus na milliúin euro gach bliain a d'íocfadh éilitheoirí i gcostais phróiseála, daoine nó eagraíochtaí ar shlí eile a ndéantar éileamh ina gcoinne, agus sealbhóirí polasaithe ar deireadh thiar. Déanann sé an méid sin trí éilimh a réiteach ar chostas próiseála íseal. Ba ionann costais sheachadta iomlána PIAB in 2019 agus €9.42m (6.4 faoin gcéad de luach na ndámhachtainí arna nglacadh). Tá codarsnacht idir costas próiseála íseal PIAB sin agus costais socraíochta/dhlíthíochta de mhéideanna iolracha an fhigiúir sin nuair a phléitear le cásanna lasmuigh dár gcóras.

> "Teastaíonn níos mó follasachta maidir le costais éileamh ó phríomhpháirtithe leasmhara."

## Iarmhairtí díobhálacha do dhaoine aonair

Nuair a dhéantar tagairt do chostas timpistí, tá sé tábhachtach chun a lua go bhfuil PIAB ar an eolas tríd an obair dá chuid go bhfuil raon díobhálacha ag baint le héilimh ann, ó dhíobhálacha a bhfuil sláinte iomlán ann mar thoradh ar chóireáil in achar gearr ama, go díobhálacha atá an-tromchúiseach agus a athraíonn an saol don duine. Guíonn PIAB dul chun cinn maith maidir lena chóir leighis agus athshlánú iomlán ar gach duine a d'fhulaing díobháil.

I measc raon iomlán na ngortuithe a fhaigheann ár bhfoireann gach bliain bíonn iarratais ar éilimh maidir le timpistí dromlaigh tromchúiseacha agus teascadh, nó fiú gortuithe marfacha. Tá a fhios againn go maith an éifeacht a bhaineann le timpistí tromchúiseacha dóibh siúd atá buailte agus dá dteaghlaigh.

Sin an cúlra le tacaíocht PIAB le feachtais sábháilteachta agus lena sholáthar staitisticí chun cuidiú le taighde ar ghortuithe ar na bóithre, san áit oibre nó in áiteanna poiblí.

## Oibríochtaí PIAB le linn 2019 – na príomh-bhuaicphointí

Ba bhliain ghnóthach í 2019 d'fhoireann PIAB chun ár gcuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. Lean an fhoireann le héilimh um dhíobhálacha pearsanta a phróiseáil le haghaidh timpistí i spásanna poiblí, san áit oibre agus ar an mbóthar ar bhealach cothrom, éifeachtúil agus follasach.

# PRÍOMH-BHUAICPHOINTÍ

Le linn 2019, rinne PIAB an méid a leanas:

- **Rinneamar** cúiteamh iomlán de €275.04 milliún a dhámhachtain d'íospartaigh timpiste;
- **Bhainistíomar** 31,072 éileamh um dhíobhálacha pearsanta agus bhronnamar 11,527 ndámhachtain fhoirmiúla;
- **D'éirigh linn** meán-aga ama próiseála éilimh de 7.8 mí a bhaint amach – i bhfad faoin amlíne reachtúil de 9 mí, agus ar chostas 6.4% de na dámhachtainí glactha;
- **Trínár n-oibríochtaí** cinntíodh laghdú leanúnach ar chásanna ag dul trí chóras na gCúirteanna, agus an córas sin á chumasú chun déileáil le saincheisteanna tábhachtacha eile;
- **Rinneamar dul** chun cinn ar an mbogadh chuig úsáid teicneolaíochta nua, agus feabhsaíodh cion na n-éileamh a láimhseáiltear gach mí bealach ár dTairseach do Dhlíodóirí faoi níos mó ná 50 faoin gcéad le linn na bliana.
- **Chlúdaíomar ár** gcostais laethúla, gan an gá in 2019 le maoiniú ón Státchiste, agus tháirgeamar barrachas don bhliain, trí bhainistíocht costas chúramach agus trí éifeachtacht oibríochtúil.
- **D'eagraíomar** comhdháil mhór "Tírdhreach Athraitheach na nDíobhálacha Pearsanta in Éirinn", ag a raibh tinreamh maith agus a gcuireadh fáilte roimpi ag páirtithe leasmhara.
- **Tharraingíomar líon** méadaitheach cuairteoirí chuig an suíomh gréasáin: Ba ionann líon iomlán na gcuairteanna in 2019 agus 245,192 (méadú ar 161,153 in 2018).
- **Rinneamar tionscadal** mór a thionscnamh d'fhonn modhanna oibre a bhunathrú san eagraíocht agus chun na córais dá cuid a uasghrádú.
- **Chuireamar** nuáil chun cinn laistigh den eagraíocht, agus d'oibríomar go dian chun athchóiriú a chur chun cinn i réimse an chúitimh um dhíobhálacha pearsanta.

## Plean Straitéiseach

Le linn na bliana, d'fhoilsigh PIAB a Phlean Straitéiseach 2019-2024, doiciméad tábhachtach lena ndéanfar an eagraíocht a threorú thar na chéad chúig bliana eile le teacht. Is é seo an ceathrú Plean Straitéiseach a d'ullmhaigh an Bord faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Cuireadh an plean le chéile tar éis comhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara.

Tá foilsiú an phlean seo thar a bheith tráthúil mar gheall ar fhorbairtí i dtimpeallacht na n-éileamh um dhíobhála pearsanta agus beidh seachadadh an phlean tábhachtach do pháirtithe leasmhara uile agus don tsochaí ina hiomláine. Táimid ag tnúth le seachadadh rathúil na Físe, an Mhisin, na gCuspóirí agus na nGníomhaíochtaí nuashonraithe sa phlean seo.

## Comhdháil PIAB

Ba bhuaicphointe le linn 2019 ár gcéad chomhdháil PIAB an-rathúil, a tionóladh i bPáirc an Chrócaigh. Ba é an téama léi "Tírdhreach Athraitheach na nDíobhálacha Pearsanta in Éirinn" agus tharraing an t-imeacht toscairí ó raon leathan d'earnálacha ábhartha lena n-áirítear árachas, an lucht dlí, lucht an leighis agus grúpaí tomhaltóirí agus gnólachtaí a dtéann costais um dhíobhálacha pearsanta agus árachais i bhfeidhm orthu. Bhí páirtithe leasmhara agus custaiméirí thar a bheith dearfach faoin gcomhdháil.

> "Fuair Comhdháil PIAB freagra an-dearfach."

Chuir Cathaoirleach PIAB an t-imeacht i láthair agus i measc na gcainteoirí bhí an Breitheamh Onórach Nicholas Kearns, a rinne láithreoireacht an-láidir. Bhí sí ina cuid d'obair PIAB le blianta beaga anuas chun díospóireacht eolach a chur chun cinn in earnáil na ndíobhálacha pearsanta.

## Conclúid

Is mian linn ár mbuíochas a ghabháil le fostaithe PIAB uile as a gcuid díograise leanúnaí maidir lenár misean a sheachadadh.

Tá sé tábhachtach freisin aitheantas a thabhairt do chomhaltaí an Bhoird as a gcuid tacaíochta leanúnaí agus as a dtreoir straitéiseach don eagraíocht, lena linn bliain an-ghnóthach.

Gabhann PIAB a bhuíochas le Conor O'Brien, POF PIAB, a d'éirigh as oifig i Iúil 2019 agus é ag dul ar aghaidh chun ról eile a ghlacadh san earnáil phríobháideach. Chuidigh Conor go mór le PIAB le linn a théarma oifige cheithre bliana mar POF.

Is mian le PIAB a bhuíochas a ghabháil leis an Uasal Heather Humphreys T,D., an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus leis an Uasal Michael D'Arcy T.D., an tAire Stáit ag an Roinn Airgeadais, chomh maith leis na hoifigigh ina ranna faoi seach as a gcuid tacaíochta le linn 2019.

Tá áthas orainn Tuarascáil 2019 an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta a chur i láthair.



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

22 Bealtaine 2020



**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*

22 Bealtaine 2020

# PIAB de réir uimhreacha – 2019

**31,072**
Líon iomlán na n-iarratas in 2019

**-6.9%**
% mar athrú ar líon na n-iarratas i gcomparáid le 2018

**11,527**
Líon iomlán na ndámhachtainí 2019
(12,112 in 2018)

**€275.04m**
Luach na nDámhachtainí le linn 2019
(€298.55m in 2018)

## Dámhachtainí de réir catagóire

**70%**
Dliteanas Mótair
(70% in 2018)

**17%**
Dliteanas Poiblí
(18% in 2018)

**13%**
Dliteanas Fostóra
(12% in 2018)

**€23,861**
**mar Mheán-dámhachtain**
(€24,649 in 2018)

**54%**
**% de dhámhachtainí faoi €20,000 ina luach**
(53% in 2018)

**7.8 mí**
**mar mheán-aga próiseála**
(7.4 mí in 2018)

**€426,488**
**an Dámhachtain Ghlactha Is Airde sa bhliain**

**€650**
**an Dámhachtain Ghlactha Is Ísle**

**6.4%**
**Costais Sheachadta**
(6.1% in 2018)

**22,032**
**Scrúdú Dochtúra arna nEagrú**
(22,416 in 2018)

**245,192**
**cuairt ar an Suíomh Gréasáin**
(161,153 in 2018)

**148,643**
**theagmháil le ríomhphost nó ar an teileafón ó pháirtithe**
(146,776 in 2018)

# Athbhreithniú Ar Fheidhmíocht

## CAIBIDIL 1
## ÉILIMH AGUS DÁMHACHTAINÍ



Soláthraíonn PIAB córas neamhspleách agus measúnú neamh-sháraíochta ar éilimh, le cothroime agus le follasacht, agus tairbhí móra á soláthar do pháirtithe uile agus don tsochaí.

Ba é ceann de na príomhchuspóirí de bhunú PIAB cásanna díobhálacha pearsanta a bhaint as dlíthíocht costasach neamhriachtanach. Ó thionscnamh PIAB, bhain sé an gá le dlíthíocht i líon suntasach de chásanna. Tá an cás tairbheach sin ina thoradh ar chásanna a réitigh PIAB go díreach trí dhámhachtain fhoirmiúil, agus tríd an gcóras dá chuid freisin lena n-éascaítear idirphlé luath idir páirtithe, rud ar a mbíonn socraíochtaí luatha ina dtoradh uaireanta gan an gá le dámhachtain fhoirmiúil PIAB, nó gan leas a bhaint as dlíthíocht..

Nuair a chuirtear éileamh in iúl do PIAB, cuireann sé sin in iúl don pháirtí ar a bhfuil an locht á chur as an timpiste (nó don árachóir dá chuid) agus cuireann sé an fhoirm iarratais ar fail dóibh mar aon le tuairiscí leighis ábhartha. Ansin tugtar tréimhse ama shainithe don pháirtí is freagróir, 90 lá, le cinneadh a dhéanamh más mian leo go ndéanfadh an Bord an cás a mheasúnú. Tríd an malartú luath cáipéisí sin éascaítear imscrúdú pras ar an éileamh agus baintear úsáid as an tréimhse ama go minic chun socraíocht atá oiriúnach don dá pháirtí a chomhaontú gan an gá le tuairiscí breise srl.

Sular bunaíodh PIAB ba é an cleachtas é nach ndearnadh cáipéisí a mhalartú idir páirtithe ag céim luath agus ar deireadh thiar tharla go ndeachaigh cásanna trí dhlíthíocht chostasach, na sáraíochta. Trí thionchar agus rath PIAB a mheas, ní mór aitheantas a thabhairt don tionchar a bhí ag an tsamhail dá chuid ar chultúr na socraíochtaí atá ann maidir le cuid mhór de na héilimh. Cé go bhfuil an tuarascáil seo dírithe ar na dámhachtainí foirmiúla arna ndéanamh ag PIAB, tá tionchar níos leithne shamhail na heagraíochta soiléir nuair a mheastar na socraíochtaí díreacha sin.

Ní mór gach éileamh díobhála pearsanta (le heisceachtaí atá leagtha amach san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 amhail cásanna dliteanais mhíochaine) a chur faoi bhráid PIAB, mura réitítear go luath é idir éilitheoirí agus árachóirí/freagróirí. Is féidir le héilitheoirí déileáil go díreach le PIAB nó is féidir leo iarradh ar thríú páirtí, aturnaetha ina measc, a n-éileamh a chur isteach ar a son. Ní mór d’éilitheoirí costais dlí a íoc go ginearálta. Is samhail atá soiléir agus follasach an tsamhail ar féidir le héilitheoir nó le freagróir a bhealach a dhéanamh tríthi go héasca.

Measann PIAB an cúiteamh atá iníoctha as díobhálacha pearsanta a fuarthas mar thoradh ar thimpiste mótair, ar thimpiste san áit oibre nó ar thimpiste dliteanais phoiblí. I gcás go dtoilíonn an freagróir (an páirtí a bhfuil an t-éileamh á dhéanamh ina leith) do mheasúnú PIAB, cuirtear an measúnú i gcrích go sciobtha – laistigh de 7.8 mí ar an meán in 2019, i bhfad níos lú ama ná trí dhlíthíocht.

“Measúnuithe arna gcur i gcrích go sciobtha laistigh de 7.8 mí.”

## Laghdú ar líon na n-iarratas

In 2019, cuireadh líon iomlán de 31,072 iarratas faoi bhráid PIAB, i gcomparáid le 33,371 in 2018, laghdú 6.9 faoin gcéad. Go dtí go mbeidh faisnéis bhreise ar fáil maidir le cad a tharlaíonn d’éilimh tar éis phróiseas PIAB, is doiligh a bheith ag tuairimíocht faoin gcúis leis an laghdú sin.

Bhí 17,177 n-éileamh mótair ann in 2019. Bhí 8,024 éileamh um dhliteanais poiblí ann in 2019 agus 5,871 éileamh um dhliteanais fostóirí. I gcás nuair a ghlacann an dá pháirtí leis an measúnú, réitítear an cheist gan ghá le dlíthíocht, agus bíonn dámhachtainí infheidhmithe de réir an dlí atá ar aon chéim leis na cúirteanna mar thoradh air sin. In 2019, rinne PIAB 11,527 ndámhachtain cúitimh de luach €275.04 milliún. I gcomparáid leis sin, bhí 12,112 dhámhachtain in 2018 de luach €298.55 milliún.

Is éard is dámhachtain PIAB ann ná an cúiteamh airgeadais iníoctha le duine aonair a fhulaingíonn díobháil phearsanta. Áirítear leis dhá chineál damáiste. Is iad sin damáistí ginearálta as an bpian agus as an bhfulaingt a chruthaigh an díobháil, agus damáistí speisialta as caillteanas airgeadais – go dtí seo agus sa todhchaí araon m.sh. caillteanas pá, costas cúram leighis srl. Baineann na sonraí dámhachtana sa tuarascáil seo le luach iomlán dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir damáistí ginearálta agus damáistí speisialta.

Is fiú é a choinneáil i gcuimhne maidir le gach cás ina ndéantar measúnú ar dhíobháil le toiliú an duine nó an chomhlachta a ndéantar an t-éileamh ina gcoinne, go bhfuil duine ag lár an phróisis, agus guíonn PIAB athshlánú iomlán orthu siúd uile atá buailte ag díobháil.

Déantar damáistí ginearálta a mheas ag féachaint don Leabhar Candaim. Is treoir é sin maidir le leibhéil chúitimh in Éirinn (ar fáil ag www.piab.ie) agus caithfidh na Cúirteanna a bheith airdeallach faoi freisin faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Tar éis do Chomhairle na mBreithiúna a cuid plé a dhéanamh, táthar ag súil go leagfar síos treoirlínte nua, agus leanfaidh PIAB na treoirlínte sin.

## Líon agus luach dámhachtainí

Leagtar amach líon agus luach na ndámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006 i leith i dTábla 1.1.

**Tábla 1.1 Líon agus Luachanna na nDámhachtainí de réir Bliana**

| | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí |
|---|---:|---:|
| 2019 | 11,527 | €275.04m |
| 2018 | 12,112 | €298.55m |
| 2017 | 12,663 | €315.04m |
| 2016 | 12,966 | €315.13m |
| 2015 | 11,734 | €268.45m |
| 2014 | 12,420 | €281.21m |
| 2013 | 10,656 | €243.46m |
| 2012 | 10,136 | €217.94m |
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| **Iomlán** | **143,696** | **€3,324.98m** |

**Tábla 1.2~Miondealú ar Dhámhachtainí 2019 de réir Catagóire**

| | % | Líon |
|---|---:|---:|
| Dliteanas Mótair | 70% | 8,050 |
| Dliteanas Fostóirí | 13% | 1,468 |
| Dliteanas Poiblí | 17% | 2,009 |
| **Fo-iomlán** | | **11, 527** |

**Tábla 1.3  Luach na Meán-dámhachtainí de réir Catagóire**

| | 2018 | 2019 |
|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,682 | €22,186 |
| Dliteanas Fostóirí | €30,839 | €29,859 |
| Dliteanas Poiblí | €28,372 | €26,189 |
| **Meán foriomlán** | **€24,649** | **€23,861** |

Léirítear le Tábla 1.3 meánluach na ndámhachtainí i ngach catagóir in 2019 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóirí agus Dliteanas Poiblí, le figiúr comparáideach 2018.

Féadann líon éagsúil cásanna a bheith ann ó bhliain go bliain, lena léirítear athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus sreabhadh na n-éileamh nua agus patrún réitigh phríobháidigh. Féadann éagsúlacht sa mheán-dámhachtain a bheith ann mar thoradh ar athruithe ar líon na n-éileamh, ar chatagóir agus ar dhéine gach bliain.

I rith na bliana, agus ar aon dul le blianta roimhe, bhí meán-dámhachtainí i gcatagóir an Dliteanais Fostóirí níos airde ná i gcatagóirí eile, rud lena léirítear cé chomh tromchúiseach agus casta is a bhíonn na díobhálacha a fhaightear i dtimpistí san áit oibre.

## Raon Dámhachtainí

Ba é an dámhachtain is airde a glacadh in 2019 ná €426,488. Bhain an dámhachtain sin le timpiste gluaisteáin, agus dámhadh mórchuid na suime chun spleáchas airgeadais a theaghlaigh a chumhdach.

Ba í an dámhachtain is ísle a glacadh €650. Bhí breis is leath na ndámhachtainí iomlána de chuid PIAB in 2019 de luach faoi bhun €20,000 (6,241 chás).

Bhí formhór mór na ndámhachtainí díobhálacha pearsanta in 2019 (10,137) faoi €38,000 i luach na dámhachtana.

Bhí dámhachtainí sa bhreis ar €100,000 i gcás 93 éileamh, mar a léirítear i dTábla 1.4. Léirítear leis sin laghdú ar fhigiúr na bliana roimhe de 109 ndámhachtain os cionn na suime sin.




**Tábla 1.4  Miondealú ar Líon Iomlán na nDámhachtainí in 2019 (de réir Luacha agus na Catagóire Éilimh)**

| Catagóir Meánluacha (€'anna) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóirí | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 4,749 | 558 | 934 | 6,241 |
| 20-38k | 2,639 | 566 | 691 | 3,896 |
| 38-100k | 606 | 324 | 367 | 1,297 |
| >100k | 56 | 20 | 17 | 93 |
| **Uile** | **8,050** | **1,468** | **2,009** | **11,527** |

**Tábla 1.5 Meán-dámhachtain de réir Réigiúin/Catagóire**

| BAILE ÁTHA CLIATH | Meán-Dámhachtain 2019 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €20,702 |
| Dliteanas Fostóirí | €26,307 |
| Dliteanas Poiblí | €24,843 |

| AN CHUID EILE DE CHÚIGE LAIGHEAN | Meán-Dámhachtain 2019 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €23,066 |
| Dliteanas Fostóirí | €29,755 |
| Dliteanas Poiblí | €26,501 |

| CONNACHT-ULAIDH | Meán-Dámhachtain 2019 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €24,095 |
| Dliteanas Fostóirí | €38,746 |
| Dliteanas Poiblí | €29,883 |

| CÚIGE MUMHAN | Meán-Dámhachtain 2019 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,369 |
| Dliteanas Fostóirí | €31,398 |
| Dliteanas Poiblí | €25,921 |

Léirítear i dTábla 1.5 agus in aguisíní na tuarascála seo miondealú na meán-dámhachtana de réir catagóire ar bhonn réigiúnach. Léirítear éagsúlachtaí réigiúnacha i nádúr sainiúil na dtimpistí a bhí i gceist. Is féidir teacht ar anailís mhionsonraithe ar na dámhachtainí de réir réigiúin agus contae san Aguisín leis an tuarascáil seo.

**Tábla 1.6 Dámhachtainí Glactha – 2019**

| | |
|---|---|
| Líon na nDámhachtainí Glactha | 6,110 |
| Luach na nDámhachtainí Glactha | €147.74m |
| Costais Sheachadta PIAB | €9.42m |

## Éilimh um Ghortuithe Marfacha

Mar chuid dá chuid oibre pléann PIAB le hiarmhairtí timpistí, agus cuid acu ina dtimpistí thar a bheith tromchúiseach agus gortuithe a athraíonn an saol mar thoradh orthu, agus i gcásanna áirithe gortuithe marfacha ag baint leo. Le roinnt blianta anuas, bhí laghdú ar líon na n-éileamh um ghortuithe marfacha a cuireadh isteach chuig PIAB de réir mar atá léirithe i dTábla 1.7. Tá a fhios PIAB go maith go bhfuil gach ceann de na timpistí sin ina thubaiste do gach teaghlach lena mbaineann, agus tugann sé a chomhbhrón do gach páirtí atá buailte mar sin.

I measc na míniúchán ionchasach ar an athrú ar líon na dtimpistí marfacha le blianta beaga anuas d'fhéadfadh feabhsuithe ar shábháilteacht ar an bóithre agus ar shábháilteacht feithiclí a bheith san áireamh leo, ach bheadh anailís níos leithne riachtanach.

**Tábla 1.7 Gortuithe marfacha**

| Bliain | Líon na n-iarratas um ghortuithe marfacha a fuarthas |
|---|---|
| 2019 | 61 |
| 2018 | 84 |
| 2017 | 151 |
| 2016 | 121 |
| 2015 | 134 |
| 2014 | 107 |
| 2013 | 83 |
| 2012 | 105 |

## Amlíne an Mheasúnaithe

Tá oibleagáid ar an PIAB faoina Acht 2003 éilimh a mheasúnú laistigh de 9 mí ó thoiliú an fhreagróra (iad siúd atá ag freagairt d'éilimh – árachóirí ar son sealbhóirí polasaí den chuid is mó) a fháil ar phróiseas an mheasúnaithe. Tá cúinsí eisceachtúla ann ina bhféadtar an amlíne 9 mí a shíneadh. Léirítear le torthaí 2019 PIAB gur thóg sé 7.8 mí ar an meán ón Dáta Toilithe go Dáta na Dámhachtana. Seo bealach i bhfad níos gasta agus níos éifeachtaí ná bealaí eile lasmuigh de shamhail PIAB lena bhféadfaí an iliomad míonna a ghlacadh chun réiteach a fháil, agus costais phróiseála i bhfad níos airde ná costais PIAB.





An Cathaoirleach Dermot Divilly ag labhairt ag Comhdháil PIAB

# Athbhreithniú Ar Fheidhmíocht

## CAIBIDIL 2

## SAMHAIL SEACHADTA AR CHOSTAS ÍSEAL



Sábhálann PIAB na milliúin agus na milliúin euro gach bliain a d'íocfadh éilitheoirí i gcostais phróiseála, daoine nó eagraíochtaí ar shlí eile a ndéantar éileamh ina gcoinne, agus sealbhóirí polasaithe ar deireadh thiar. Déanann sé é sin trí éilimh a réiteach ar chostas próiseála íseal i gcoinne costas socraíochta/dlíthíochta atá i bhfad níos airde ná na costais sin.

In 2019, sheachaid PIAB íocaíochtaí cúitimh ar chostas seachadta de 6.4% den chúiteamh iarbhír é féin. Níl costas seachadta PIAB bunaithe ar chéatadán mhéid na dámhachtana ach is táillí seasta iad den chuid is mó. Mar shampla, baineann costais bhreise de thart ar €1,500 le meán-dámhachtain cúitimh de thart ar €24,000, de réir taighde arna dhéanamh ag an mBanc Ceannais le déanaí – agus an figiúr sin comhdhéanta den táille €600 a íocann an freagróir, agus de na costais eile a aisíocann an páirtí is freagróir (.i. táille an éilitheora de €45 as iarratas ar líne nó an táille €90 as éileamh páipéar-bhunaithe, costas na tuarascála ón dochtúir cóireála, costas na tuarascála míochaine neamhspleáiche, agus costas tuarascálacha/scrúduithe riachtanacha ar bith eile).

Díríodh aird le tuarascáil den Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Éilimh de chuid an Bhainc Cheannais ar na costais ollmhóra a bhaineann le dlíthíocht mar shásra chun éilimh as díobhálacha pearsanta a réiteach, i gcoinne na comhrogha ar chostas íseal atá ar fáil trí chóras PIAB. Is ionann costais PIAB agus aon ochtú de chostais na dlíthíochta. Fuarthas amach léi freisin cé go raibh na costais bhreise trí PIAB i bhfad níos lú de ghnáth ní bhfuair an t-éilitheoir níos mó mar chúiteamh díreach trí dhlíthíocht. Is léir go dtaispeántar leis sin na tairbhí don tsochaí a bhaineann leis an tsamhail ísealchostais. A mhéid cásanna a fhéadtar a phróiseáil trí shamhail ísealchostais PIAB, is mó tionchair a bhíonn ar chostais éilimh ar an iomlán atá ar cheann de na fachtóirí lena gcuirtear le leibhéil na bpréimheanna árachais.

In 2019, ba ionann líon na ndámhachtainí arna nglacadh ag éilitheoirí agus freagróirí agus 6,110 san iomlán, mar atá léirithe i dTábla 2.1 thíos.

**Tábla 2.1 Líon Iomlán agus Luach Iomlán Dhámhachtainí Glactha PIAB**

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí Glactha | 6,110 | 6,206 | 6,788 | 7,071 | 6,716 | 7,519 | 6,476 | 6,124 |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí Glactha | €147.74m | €153.60m | €168.86m | €168.68m | €151.35m | €165.97m | €142.57m | €127.62m |
| Costais Iomlána Sheachadta PIAB | €9.42m | €9.45m | €10.46m | €10.72m | €9.84m | €11.17m | €10.76m | €11.47m |

## Bainistíocht Stuama ar Chostais

Leanadh le costais PIAB a bhainistiú go cúramach le linn 2019. Baineadh é sin amach trí mhonatóireacht dhlúth, trí sholáthar iomaíoch seirbhísí agus trí fhócas ar sheachadadh éifeachtach seirbhísí dá chustaiméirí.

Bhí PIAB ag oibriú gan chostas ar bith don Státchiste arís in 2019 agus, mar atá luaite san Athbhreithniú Airgeadais, d'íoc sé suim thar a bheith suntasach óna chúlchistí leis an Stát.

Ní tharraingíonn PIAB aon mhaoiniú anuas ón Státchiste agus sa bhreis air sin cuireann sé ar bhonn suntasach leis an ngeilleagar i dtéarmaí earraí agus seirbhísí a cheannach trí sholáthar poiblí agus i dtéarmaí cánach (ÍMAT/ÁSPC, PSWT (Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla) agus CBL). Faigheann PIAB a chuid ioncaim ina iomláin ó na táillí a thoibhíonn sé, go príomha ar fhreagróirí (nó ar na hárachóirí dá gcuid) agus toibhítear táille iarratais mheasartha ar éilitheoirí. Is iad na táillí reatha €600 maidir le freagróirí agus €45 maidir le héilitheoirí i dtaca le hiarratas ar líne nó €90 i dtaca le hiarratas páipéar-bhunaithe, agus leagtar síos iad de réir reachtaíochta agus foilsítear iad ar an suíomh gréasáin dár gcuid.

Bhain PIAB úsáid as córas tairisceana iomaíche agus as conarthaí Rialtais Láir le linn 2019 chun coigilteas agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach i réimsí amhail fuinneamh, seirbhísí agus trealamh TF, dearadh grafach agus priontáil.

Athbhreithniú Ar Fheidhmíocht



# CAIBIDIL 3

## SEIRBHÍS DEN SCOTH DO CHUSTAIMÉIRÍ AGUS CUMAS FEABHSAITHE



Tugann PIAB tús áite do sheirbhís ardchaighdeáin. San áireamh lena chustaiméirí tá raon leathan de ghrúpaí, lena n-áirítear ar dtús iad siad a d'fhulaing díobháil agus a bhfuil machnamh á dhéanamh acu ar éileamh a dhéanamh nó a bhfuil éileamh déanta acu, agus iad siúd a bhfuil éileamh déanta ina gcoinne, ar a dtugtar "freagróirí". Bíonn daoine aonair sa dá ghrúpa sin a bhíonn ag dul i dteagmháil linn don chéad uair riamh go minic, agus an gá le teagmháil a dhéanamh linn spreagtha ag an struis a bhaineann le timpiste.

D'fhonn ár seachadadh do chustaiméirí a thomhas, déanann PIAB taighde ar chustaiméirí gach bliain agus taispeánadh le torthaí an taighde sin in 2019 go bhfuil ardleibhéil sástachta ann i measc custaiméirí.

## Suirbhé ar chustaiméirí

In 2019, taispeánadh na torthaí a leanas lenár suirbhé ar dhaoine a phléann go díreach lenár bhfoireann:

- dúirt 98 faoin gcéad de na custaiméirí gur pléadh lena gcuid cumarsáide ar bhealach a bhí cúirtéiseach, cuiditheach agus cairdiúil.
- chreid 96 faoin gcéad de na custaiméirí go raibh na daoine lena ndearna siad teagmháil i PIAB eolach agus feasach ar na roghanna a bhí ar fáil.
- mhothaigh 91 faoin gcéad díobh siúd sa suirbhé gur thug an duine lena raibh siad ag plé tuiscint shoiléir ar an bpróiseas agus ar an méid a theastaigh chun cúrsaí a bhogadh ar aghaidh.
- dúirt 86 faoin gcéad go raibh siad an-sásta nó sásta leis an tseirbhís do chustaiméirí a soláthraíodh thar chúrsa phróiseáil a n-éilimh.

## Cairt Chustaiméirí

Le blianta fada anois bhí Cairt do Chustaiméirí agus beartas gearán (ar fáil ar ár suíomh gréasáin) ag PIAB, agus dhírigh sé i gcónaí ar a dheimhniú go mbeadh custaiméirí in ann faisnéis a aimsiú go simplí trínár suíomh gréasáin a úsáid, nó trí bheith in ann labhairt le duine ag a bhfuil seantaithí, inár Lárionad Seirbhíse nó inár Lárionad Measúnaithe. Le linn 2019, rinneadh 55 ghearán ó chustaiméirí a logáil agus rinneadh athbhreithniú orthu agus freagraíodh orthu.

Táimid comhfhiosach go n-áirítear lenár bpáirtithe leasmhara sealbhóirí polasaithe árachais a íocann préimheanna agus dá bhrí sin tá leas díreach acu in éilimh agus i gcostais. Táimid feasach, freisin, ar an ngá le seirbhís ghasta agus éifeachtúil a sholáthar do ghairmithe míochaine agus dlí, d'ionadaithe an phobail, d'árachóirí, don saol acadúil, d'eagraíochtaí gnó nó tomhaltóirí agus dóibh siúd a cheapann beartas nó a chuireann le ceapadh beartais maidir le hárachas, sábháilteacht agus dlíthíocht. Tá an teagmháil a bhíonn ag PIAB le héilitheoirí agus le dlíodóirí ag athrú ar bhonn suntasach trí úsáid modhanna leictreonacha chun iarratais a dhéanamh nó a phróiseáil, rud atá ag dul i méid. Leanadh le suíomh gréasáin PIAB a nuashonrú go suntasach agus go rialta le linn 2019, lenar áiríodh ábhar a chur isteach i dteangacha breise ar an láithreán.

## Tairseach do Dhlíodóirí

San iomlán, fuair PIAB 9,193 éileamh in 2019 (trínar bhfoirm iarratais ar an suíomh gréasáin agus tríd an tairseach). I Nollaig 2019 taispeánadh le líon míosúil na n-éileamh a fuarthas ar líne go bhfuarthas 58 faoin gcéad acu tríd an mbealach sin.

Is ardán slán gréasán-bhunaithe ár dTairseach do Dhlíodóirí ina bhféadann úsáideoirí údaraithe rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le héilimh a gcliaint agus dul i dteagmháil le PIAB. Baineann buntáistí mór le húsáid na tairsí sin do dhlíodóirí, agus i ndeireadh na dála dóibh siúd uile a íocann as costais na próiseála éileamh trí phréimheanna, mar tá sé níos éifeachtúla agus baineann coigilteas léi i dtéarmaí costas agus ama.

"Méadaíodh líon na n-úsáideoirí ar an suíomh gréasáin go suntasach le linn na bliana."

Soláthraítear raon de thairbhí le Tairseach do Dhlíodóirí de chuid PIAB lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis fhíor-ama maidir le héilimh; an tsaoráid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul cinn na n-iarratas ar éilimh; admháil uathoibrithe de dháta stoptha an reachta nuair a chuirtear iarratas isteach (is tairbhe uathúil sin nach bhfuil ar fáil ach d'úsáideoirí a chuireann iarratais isteach bealach na tairsí); agus roghanna um íocaíocht ar chuntas.

Oireann Tairseach do Dhlíodóirí de chuid PIAB dár misean d'éilimh a réiteach le costais phróiseála ísle, agus don chuspóir inár bPlean Straitéiseach de sheirbhísí nuálacha a thairiscint agus seirbhís shármhaith a sholáthar trí theicneolaíocht dhigiteach a úsáid. Tá forbairt bhreise ar an Tairseach do Dhlíodóirí beartaithe in 2020.

Seo a leanas staitisticí maidir le húsáid na Tairsí le linn 2019.

- Fuarthas 8,504 éileamh tairsí tríd an Tairseach do Dhlíodóirí de chuid PIAB in 2019.
- Faoi dheireadh na bliana, bhí 63 faoin gcéad de na dlíodóirí a bhí ag baint úsáid as ár seirbhís cláraithe chun an Tairseach a úsáid.
- Fuarthas 9,193 éileamh ar líne in 2019 (trínar bhfoirm iarratais ar an suíomh gréasáin agus tríd an Tairseach le cheile).

## Staitisticí na seirbhíse do chustaiméirí (2019):

Soláthraíonn PIAB seirbhísí do chustaiméirí sa Lárionad Measúnaithe agus sa Lárionad Seirbhíse dá chuid araon.

- Le linn na bliana láimhseáil an eagraíocht 41,210 ghlao teileafóin isteach.
- Rinneadh comhfhreagras maidir le 252,197 n-éileamh reatha agus 31,106 éileamh nua a scanadh agus a phróiseáil.
- Phléigh ár Lárionad Seirbhíse le 107,433 ríomhphost isteach agus le 4,456 fhacs isteach.
- D'eagraigh ár Lárionad Seirbhíse 22,032 choinne míochaine.

## Cumas a fheabhsú

Trí Phlean Straitéiseach PIAB go dtí 2024 cuirtear de cheangal ar an eagraíocht seachadadh seirbhíse sármhaith a fhorbairt, lena n-áirítear forbairt roghanna nuálacha a bheidh dírithe ar úsáid teicneolaíochta digití. Cuirtear de cheangal orainn leis freisin athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir na heagraíochta ar bhonn leanúnach, chun éifeachtúlachtaí a fhorbairt bunaithe ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus chun modhanna oibre nua agus níos éifeachtaí a bhreithniú.

I measc na réimsí ina bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh na gcuspóirí sin tá digitiú méadaithe seirbhísí, nualaíochtaí a chur chun cinn laistigh den eagraíocht, forbairt na foirne agus fócas leanúnach ar ardchaighdeáin agus ar chosaint sonraí.

Is í eochairfhorbairt amháin i réimse na nuála agus na teicneolaíochta an Clár Bainistíochta Athruithe a seoladh anuraidh, a bhfuil mar aidhm aige an eagraíocht a bhogadh go dtí timpeallacht dhigitithe, uathoibrithe, agus an próiseas reatha agus tairiscint na seirbhíse reatha á bhfeabhsú do phríomhpháirtithe leasmhara.

## Feabhsú Leanúnach

Tá Grúpa um Fheabhsú Leanúnach (CI) ag PIAB atá comhdhéanta de bhaill foirne agus den lucht bainistíochta agus tríd an gclár CI dá chuid spreagtar moltaí ó bhaill foirne maidir le feabhsú ar bith chun éifeachtúlacht a mhéadú agus m.sh. tairbhe a chruthú do chustaiméirí nó don eagraíocht. Tar éis measúnú a dhéanamh, d'éirigh le 14 mholadh maidir le feabhsú agus nuáil i dtaca le córais agus próisis le linn na bliana agus bogadh ar aghaidh iad le haghaidh feidhmithe.






Labhair Cathaoirleach an PIC, Nicholas Kearns, ag an gComhdháil

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Go ginearálta ar fud na sochaí, tá úsáid teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ag forbairt agus ag méadú go gasta, mar bhealach chun gnó pearsanta nó airgeadais a fheidhmiú nó chun leas a bhaint as seirbhísí stáit. Tá sé cinnte go méadófar sin sna blianta le teacht, agus beidh PIAB ag obair chun a chinntiú gur féidir riachtanais a chustaiméirí a riar ar an mbealach is fearr leis na córais dá chuid. Cuireadh ár suíomh gréasáin in oiriúint ionas go bhfuil rochtain air ó ghairis mhóibíleacha agus ó tháibléid agus ó ríomhairí pearsanta chomh maith.

Oibrítear córasi/feidhmchláir PIAB go normálta ar feadh na bliana agus soláthraíodh infhaighteacht 99.5% ar chórais d'úsáideoirí. Baineann PIAB úsáid as soláthraithe seirbhísí arna mbainistiú ag tríú páirtí chun cuidiú lena sheirbhís a sholáthar. Rinneadh iniúchadh TF rialta in 2019, agus cuireadh moltaí i bhfeidhm.

## Suíomh Gréasáin

D'fhonn suíomh gréasáin PIAB a dhéanamh ina fhoinse mhaith faisnéise do chustaiméirí nó do pháirtithe leasmhara, le linn 2019 rinne PIAB an t-inneachar a nuashonrú go rialta agus chuir sé faisnéis staitistiúil nó doiciméid nua ar an suíomh. Soláthraítear saoráid comhrá gréasáin ar ár suíomh gréasáin, chomh maith le foirm leictreonach chun daoine a chumasú ag a bhfuil ceisteanna ginearálta iad a sheoladh chugainn. Tá an fhoirm iarratais ar líne deartha le bheith soiléir agus simplí, agus chun éilitheoirí díreacha chomh maith leo siúd ag a bhfuil ionadaíocht dhlíthiúil a éascú ar bhonn cothrom. Bhí méadú an-suntasach ar líon na gcuairteoirí ar an suíomh gréasáin le linn 2019.

## Cosaint sonraí

In 2019 leanadh le hobair chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí um chosaint sonraí de chuid PIAB, lenar áiríodh dul chun cinn breise maidir le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an Achta um Chosaint Sonraí. Rinneadh beartas agus nósanna imeachta um próiseáil sonraí agus príobháideachas PIAB a athbhreithniú agus a nuashonrú nuair ba ghá. Chomh maith leis sin, rinneadh measúnachtaí tionchair maidir le cosaint sonraí i dtaca le tionscadail shuntasacha, agus próiseáladh iarratais ar rochtain um ábhair sonraí ar aon dul leis na riachtanais dhlíthiúla.

Tugann PIAB meas do chearta príobháideachais daoine a bpróiseálann sé a gcuid Sonraí Pearsanta agus tá sé tiomanta d'oibriú chun reachtaíocht um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh agus do chaitheamh le Sonraí Pearsanta ar bhonn slán agus le cúram. Tá Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí, Ráiteas Príobháideachais agus Beartas um Fhianáin aige atá cuimsitheach.

Baineann an chuid is mó de hiarratais faoi Shaoráil Faisnéise a fuair PIAB le fiosrúcháin a rinne éilitheoirí nó a rinneadh ar a son agus cóip dá gcomhad á iarraidh. Le linn na bliana cuireadh gach iarratas um Shaoráil Faisnéise maidir le comhaid i bhfeidhm. Fuarthas líon beag d'iarratais faoi Shaoráil Faisnéise agus freagraíodh orthu ar aon dul leis an Acht um Shaoráil Faisnéise.

# CAIBIDIL 4

# AG CUR GO DEARFACH LEIS AN TIMPEALLACHT RÉITITHE ÉILEAMH



Tá PIAB tiomanta do ról gníomhach a ghlacadh maidir leis an bpróiseas leanúnach d'athchóiriú agus d'fheabhsú i dtimpeallacht na ndíobhálacha pearsanta.

Cuidíonn sé leis sin trí shonraí a chur ar fáil, agus trí fheabhsuithe a athbhreithniú, a anailísiú agus a chur chun cinn ar an timpeallacht réitithe ghinearálta um dhíobhálacha pearsanta.

Cuireann PIAB eolas ar fáil do raon leathan páirtithe leasmhara ón earnáil ghnó, dlí agus árachais agus dóibh siúd i réimsí tomhaltóirí, agus do speisialtóirí acadúla i réimsí an chúitimh do dhíobhálacha. Freastalaíonn PIAB ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir agus glacaimid páirt ghníomhach iontu, agus soláthraíonn séan léargas ar réimsí ina bhféadtar feabhsuithe a dhéanamh.

## Comhdháil PIAB – "Tírdhreach Athraitheach na nDíobhálacha Pearsanta in Éirinn"

Ba bhuaicphointe le linn 2019 ár gcéad chomhdháil PIAB an-rathúil, a tionóladh in Aibreán. Ba é an téama "Tírdhreach Athraitheach na nDíobhálacha Pearsanta in Éirinn" agus bhí níos mó ná 160 toscaire i láthair ag an imeacht ó raon leatha d'earnálacha ábhartha. Ba dheis uathúil í sin chun na príomhpháirtithe leasmhara uile i dtimpeallacht na ndíobhálacha pearsanta a thabhairt le chéile chun machnamh a dhéanamh ar na príomhshaincheisteanna atá os comhair na hearnála.

Áiríodh le cainteoirí na comhdhála an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D., agus an Breitheamh Onórach Nicholas Kearns, iar-Uachtarán na hArd-Chúirte, chomh maith le raon cainteoirí ó PIAB, agus cainteoirí seachtracha a rinne láithreoireachtaí maidir le réimsí spéise éagsúla i dtaca le timpeallacht na ndíobhálacha pearsanta ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. D'fhreastail ionadaithe na meán ar an gcomhdháil agus rinneadh tuairisciú fairsing ar an gcomhdháil agus ar na ráitis ó chainteoirí. Gineadh díospóireacht chothromaithe shuntasach leis an gcomhdháil maidir leis an tírdhreach níos leithne um dhíobhálacha pearsanta.

"Díospóireacht chothromaithe arna giniúint ag Comhdháil rathúil PIAB."

## Taighde ar thuairimí

Roimh an gcomhdháil choimisiúnaigh PIAB maidir le héilimh díobhálacha pearsanta agus an timpeallacht lena mbaineann. taighde neamhspleách chun dearcthaí an phobail a dhearbhú. Eisíodh na torthaí, ar a bhfuil achoimre thíos, ag an gcomhdháil:

- Dúirt 30 faoin gcéad díobh siúd sa suirbhé go raibh timpiste acu ag an ait oibre, ar an mbóthar, nó in áit phoiblí, agus chreid siad go raibh duine eile ina chúis leis agus d'fhulaing siad díobháil mar thoradh air.
- As na daoine a d'fhulaing díobháil sna himthosca sin rinne aon trian (34 faoin gcéad) acu éileamh um dhíobháil phearsanta.
- Chreid tromlach suntasach mór (82 faoin gcéad) go bhfuil cultúr an chúitimh ann in Éirinn (.i. timpeallacht ina spreagtar éilimh um dhíobhálacha pearsanta).
- Chomhaontaigh mórchuid díobh siúd sa suirbhé (62 faoin gcéad) gur gá an dóigh a seachadtar cúiteamh do dhíobhálacha pearsanta a athchóiriú.
- Chomhaontaigh 70 faoin gcéad go bhfuil dámhachtainí cúitimh níos airde in Éirinn ná i dtíortha eile agus gur cheart na leibhéil a laghdú.

Tá na torthaí iomlána, agus láithreoireachtaí uile na comhdhála, ar fáil ar an suíomh gréasáin www.piab.ie.




An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D., ag labhairt ag Comhdháil PIAB.

Sholáthair PIAB faisnéis le linn na bliana ag imeachtaí a bhí dírithe ar ghnólachtaí beaga agus meánmhéide agus rinne sé idirghníomhú rialta le grúpaí a ionadaíonn na réimsí gnó agus tomhaltóirí, le cuideachtaí árachais aonair agus le baill na ngairmeacha dlí agus leighis. D'fhreastail agus labhair ionadaithe PIAB freisin ag imeachtaí ábhartha agus d'fhreastail siad ar raon leathan de chruinnithe de ghrúpaí ó na hearnálacha leighis, sláinte agus sábháilteachta agus árachais le linn 2019.

## Beartas agus Reachtaíocht

Le linn 2019, lean PIAB le páirt ghníomhach agus chuiditheach a ghlacadh i bpróisis i dtreo athchóirithe a dhéanamh san earnáil.

Áiríodh leo sin an Grúpa Oibre um Chostas Árachais (CIWG) agus an tAire Stáit ag an Roinn Airgeadais, Michael D'Arcy T.D., sa Chathaoir. Lean an grúpa sin chun dul chun cinn a dhéanamh in 2019 san athbhreithniú dá chuid ar na fachtóirí lena n-imrítear tionchar ar chostas árachais. Bhí feidhmeannaigh shinsearacha PIAB ina rannpháirtithe gníomhacha in obair an Ghrúpa. Cuireadh na moltaí uile ón nGrúpa chuige seo a bhí le soláthar ag PIAB i bhfeidhm.

Mar shampla, in 2019 thug PIAB feidhmiú céimneach an teimpléid tuairiscithe nua de chuid an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC) i gcrích dá phainéal leighis neamhspleách de liachleachtóirí maidir le díobhálacha fíocháin bhoig (fuiplasc) agus leanann sé chun dul i ngleic go dearfach le páirtithe leasmhara d'fhonn úsáid an chórais nua a chur chun cinn.

Mhol an PIC gur cheart Comhairle na mBreithiúna a bhunú agus go leagfadh an comhlacht sin treoirlínte síos maidir le dámhachtainí cúitimh i dtaca le díobhálacha éagsúla, go sainiúil i gcás díobhálacha a bhain le 'fuiplasc'. Achtaíodh reachtaíocht i Mí Iúil 2019 chun an Chomhairle a bhunú agus chuir PIAB fáilte roimhe sin. Tháinig an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019 i bhfeidhm in Aibreán, 2019. Leis an reachtaíocht áirithítear comhlíontacht níos mó maidir le próiseas PIAB agus spreagtar réiteach éileamh níos mó trí PIAB.

## Sonraí a chur ar fáil go follasach

Agus ár sainchúram maidir le dámhachtainí cúitimh a sheachadadh á chomhlíonadh, bailíonn PIAB sonraí suntasacha ar dhíobhálacha agus ar chúinsí na dtimpistí i réimse leathan suíomhanna. Soláthraímid faisnéis go follasach don lucht ceaptha beartas a chuidíonn lena gcuid oibre féin agus soláthraímid faisnéis fhíriciúil agus ábhar mínitheach do dhaoine a úsáideann ár gcóras. Áirítear leo sin freisin daoine a raibh timpiste acu agus a bhfuil an rogha acu ár samhail a úsáid agus iad siúd a ndéantar éileamh um dhíobháil phearsanta ina gcoinne.

Féadann faisnéis staitistiúil PIAB a bheith úsáideach go háirithe dóibh siúd atá freagrach as bainistíocht riosca agus cosc timpistí, agus Gníomhaireachtaí Stáit eile san áireamh. Trí úsáid sonraí anaithnidithe soláthraítear léargas tábhachtach ar fáil ar na cineálacha díobhálacha a fhulaingíonn daoine agus ar na cineálacha timpistí ina mbíonn baint acu. Tá próisis fhairsinge curtha i bhfeidhm ag PIAB chun príobháideachas na ndaoine is ábhair na sonraí a chosaint.

> "Tá staitisticí PIAB úsáideach maidir le bainistíocht riosca agus maidir le timpistí a chosc agus chun éilimh a thaispeáint freisin."

Le linn 2019, lean PIAB le sonraí a úsáid agus a chomhroinnt go hiomchuí i dtaca le ICD-10 (córas rangaithe míochaine idirnáisiúnta). Comhroinneadh gnéithe de na sonraí sin leis an mBanc Ceannais agus i Nollaig 2019 chuir PIAB fáilte roimh fhoilsiú na chéad tuarascála den Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Éilimh ag Banc Ceannais na hÉireann.

# CAIBIDIL 5

## ÁR NDAOINE



Tá luachanna PIAB de Chomhoibriú, Meas, Oscailteacht agus Macántacht ag croílár fhéiniúlacht PIAB agus achoimrítear leo conas a bhainimid ár gcuspóirí amach ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal na foirne.

Ionas go mbíonn PIAB in ann na spriocanna dúshlánacha dá chuid a bhaint amach gach bliain, agus d'fhonn ár gCuspóirí Straitéiseacha a chur chun cinn, tá sé ríthábhachtach go mbíonn lucht saothair againn atá ard-oilte, rannpháirteach agus solúbtha. Baineann PIAB leas as acmhainní foirne atá ildisciplíneach agus oilte, lena gcumhdaítear réimse leathan d'acmhainní daonna teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais agus acmhainní gairmiúla eile.

"Foireann fostaithe ildisciplíneach agus oilte."

Tá PIAB tiomanta don éagsúlacht a cheiliúradh agus a thacú. Tá a fhios againn go dteastaíonn daoine ag a bhfuil smaointe, láidreachtaí, spéiseanna, cumais agus cúlraí éagsúla ionas go n-éireoidh lenar n-eagraíocht.

Tá a fhios againn go maith nach mór dúinn nuáil a dhéanamh i gcónaí agus sa chomhthéacs sin tugaimid tacaíocht chomhsheasmhach d'oiliúint agus d'fhorbairt ár bhfoirne, agus tacaíonn an eagraíocht le forbairt na foirne tríd an Scéim um Oideachas Cuidithe dá cuid.

Úsáideann PIAB an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), próiseas foirmiúil de mheasúnú cuspóirí oibre agus feidhmíochta agus de riachtanais forbartha a shainaithint.

Rinneamar obair dhian chun cultúr láidir na tacaíochta agus na hiontaoibhe a fhorbairt laistigh de PIAB agus chun cothromaíocht oibre agus saoil agus folláine a spreagadh.

Maoiníonn PIAB Clár Cúnaimh d'Fhostaithe don fhoireann (le rochtain ar chomhairleoireacht 24/7 agus 52 seachtaine in aghaidh na bliana) mar aon le seirbhísí amhail vacsaíní fliú maoinithe do chomhghleacaithe uile.

# AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD



## Rialachas

Comhlacht Stáit neamhthráchtála is ea Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Leagtar amach na feidhmeanna agus na hoibleagáidí dá chuid sna hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, 2007 agus 2019. Tá an Bord freagrach don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus tá sé freagrach as dea-rialachas PIAB. Feidhmíonn an Bord an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomh-shaincheisteanna gnó uile agus trí dhualgais mhuiníneacha eile a chomhlíonadh.

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil PIAB. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta an treoir straitéiseach leathan a leanúint arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta PIAB.

## Conas a oibríonn an Bord – Ról agus freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha an Bhoird, lena n-áirítear freisin na gnóthaí atá forchoimeádta go sainiúil do chinneadh an Bhoird. Áirítear le buan-mhíreanna de chuid an Bhoird;

- Dearbhú leasanna
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Tuarascálacha ar fheidhmíocht ón POF agus ón bhfoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin, agus
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta

Breithníonn an Bord gnóthaí atá forchoimeádta go speisialta dó, lena n-áirítear:

- Ag cinntiú go n-oibríonn an Bord laistigh de theorannacha a údaráis reachtúil nó aon údaráis tharmligthe a chomhaontaítear leis an Aire;
- Éifeachtúlacht phróisis agus chórais bhainistíochta riosca an Bhoird a mhonatóiriú chun sainaithint, monatóiriú agus rialú éifeachtach rioscaí a chinntiú;
- Measúnú bliantúil a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca;
- Nósanna imeachta ceannaigh an Bhoird a chomhaontú, lena n-áirítear na leibhéil údaráis arna dtarmligean;
- Mórcheannacháin/conarthaí a fhaomhadh;
- Aon athrú suntasach ar bheartais nó ar chleachtais chuntasaíochta a fhaomhadh;
- Tuarascálacha Bliantúla a fhaomhadh;
- An Buiséad Bliantúil a fhaomhadh agus a mhonatóiriú.

Éilítear le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 go n-ullmhaíonn an Bord ráitis airgeadais bhliantúla i bhformáid agus ar bhealach arna sainiú ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ceanglaítear ar an mBord na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar.

- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé cuí chun a mheas go leanfaidh an Bord i mbun feidhme.
- A lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. Anuas air sin, tá an Bord freagrach as na sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais PIAB léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais PIAB amhail an 31 Nollaig 2019.

Mar atá sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais atá mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil seo, rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha san eagraíocht i rith na bliana. Rinneadh an t-athbhreithniú sin a threorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, agus ag obair an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus ag obair Fheidhmeannas na heagraíochta atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe. Shocraigh an Bord go raibh sé sásta le héifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san eagraíocht.

I rith na bliana, rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear sainmhíniú ar an riosca agus na bearta nó straitéisí gaolmhara chun na rioscaí sin a rialú agus a mhaolú. Shocraigh Comhaltaí an Bhoird go raibh siad sásta leis an gcreatlach bainistíochta riosca agus na próisis ghaolmhara atá i bhfeidhm.

Mar chuid de na freagrachtaí dá chuid chun dea-rialachas a chinntiú agus d’fhonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, choimisiúnaigh an Bord measúnú seachtrach ar a fheidhmíocht féin. Ba thorthaí dearfacha iad torthaí an athbhreithnithe lena ndearnadh líon beag moltaí agus nuair a chuirfear i bhfeidhm iad feabhsófar feidhmíocht agus oibriú an Bhoird.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach, agus de naonúr atá ina ngnáthchomhaltaí (neamhfheidhmiúcháin) agus den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ceapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta Comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse sainithe i gcomhréir le téarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tháinig an Bord le chéile naoi n-uaire in 2019. Freastalaíonn an POF agus an fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Bhoird chun críocha gnóthaí ábhartha a phlé. Le linn 2019, bhuail an Bord le chéile uaireanta, gan Baill Fheidhmiúcháin i láthair, chun gnóthaí ar measadh gur ábhartha iad a phlé. Sa tábla thíos tá Comhaltaí uile an Bhoird liostaithe a bhí in oifig in 2019 mar aon lena dtaifead tinrimh ag cruinnithe an Bhoird.

**Liosta Iomlán de Chomhaltaí an Bhoird le linn 2019**

| Ainm | Ról | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin | 7 as 7 |
| Margot Slattery | Leas-Chathaoirleach agus ainmní Chónaidhm Gnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) | 4 as 7 |
| Conor O’Brien | Príomhfheidhmeannach | 5 as 5 |
| Colette Crowne | Ainmní an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 6 as 7 |
| Walter Cullen | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 6 as 7 |
| Aengus Cummins | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann | 4 as 4 |
| Karen Furlong | Stiúrthóir Neamh-fheidhmiúcháin | 1 as 1 |
| Nuala E. Jackson | Abhcóide Sinsearach | 6 as 7 |
| Martin Naughton | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 2 as 2 |
| Tim O’Hanrahan | Ainmní Bhanc Ceannais na hÉireann | 7 as 7 |
| An Dr. Jean O'Sullivan | Lia Comhairleach i Míochaine Éigeandála | 4 as 7 |
| Breda Power | An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | 7 as 7 |
| Stephen Watkins | Rúnaí an Bhoird | 7 as 7 |

## Athruithe ar Phearsanra

Le linn 2019, d’éirigh Conor O’Brien as an mBord i nDeireadh Fómhair agus críochnaíodh téarma oifige Martin Naughton in Aibreán. Ceapadh Aengus Cummins ón 30 Aibreán 2019, agus ceapadh Karen Furlong ón 29 Samhain 2019. Ag deireadh na bliana bhí folúntas amháin ar an mBord, is é sin an POF. An 2 Márta 2020, thosaigh POF nua Rosalind Carroll sa ról sin.

## Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freisin lena gcuimsítear roinnt Comhaltaí an Bhoird. Is é ról an choiste sin chun tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2019. Seo a leanas sonraí faoi chomhaltas an Choiste i rith na bliana:

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca 2019**

| Comhalta | Tréimhse Oifige |
| --- | --- |
| Tim O'Hanrahan (Cathaoirleach) | Bliain iomlán |
| Walter Cullen | Bliain iomlán |
| Aengus Cummins | Ceaptha an 23 Deireadh Fómhair 2019 |
| Breda Power | Bliain iomlán |
| Margot Slattery | Bliain iomlán |
| Rúnaí: Stephen Watkins | |

## Táillí agus Caiteachais an Bhoird

Tá sonraí na dtáillí a íocadh le Comhaltaí an Bhoird leagtha amach thíos. Mar a tharla i mblianta roimhe, níor íocadh aon speansais do Chomhaltaí an Bhoird.

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
| --- | --- | --- |
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Walter Cullen | 11,970 | 11,970 |
| Aengus Cummins | - | 7,980 |
| Karen Furlong | - | 997 |
| Dermot Gorman | 3,990 | 0 |
| Nuala E. Jackson | 4,987 | 11,970 |
| John Lynch | 6,983 | 0 |
| Martin Naughton | 11,970 | 3,092 |
| Margot Slattery | 11,970 | 11,970 |
| **Iomlán** | **72,390** | **68,499** |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird a leanas le linn 2019 mar gheall ar chur i bhfeidhm an phrionsabail um Dhuine Amháin Tuarastal Amháin: Breda Power, Tim O'Hanrahan, An Dr Jean O'Sullivan, Colette Crowne agus Conor O'Brien.

## Nochtuithe a cheanglaítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon PIAB ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) i Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód na gnóthaí seo a leanas a bheith nochta:

- **Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe** (Tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 3 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).
- **Costais Chomhairleachta** (Tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).
- **Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí** (Tá an nochtadh a bhaineann le comhairle dlí ghinearálta i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

- **Caiteachais Taistil agus Chothaithe** (Tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).
- **Caiteachas Fáilteachais** (Tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód.

Tá cásanna de sholáthar neamhchomhlíontach sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá sna Ráitis Airgeadais atá ina n-aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Seachas sin chomhlíon PIAB an Cód Cleachtais ina iomláine le linn 2019.



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

22 Bealtaine 2020



**Rosalind Carroll**
*Príomhfheidhmeannach*

22 Bealtaine 2020

# Rialachas

## Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag PIAB lena sainaithnítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin. Tugadh na tuarascálacha sin os comhair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus níor sainaithníodh aon saincheist shuntasach.

Tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha ag PIAB chun forfheidhmiú na creatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú. Déanann PIAB athbhreithniú ar thuairisciú na bainistíochta ar riosca ag gach cruinniú Boird.

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Áirítear le monatóireacht leanúnach faisnéis ó na trí líne chosanta mar a leanas:

- **An chéad líne chosanta** – faisnéis a thagann ó réimsí oibríochtúla gnó ar féidir í a úsáid chun dearbhú a fháil maidir leis an gcaoi a mbainistítear rioscaí. Áirítear leis sin cláir riosca, tuairiscí ar ghnáthrialuithe córais, sonraí feidhmíochta agus faisnéis bainistíochta eile.
- **An dara líne chosanta** – obair a bhaineann le gníomhaíocht bainistíochta a mhaoirsiú. Áirítear leis sin measúnuithe nó athbhreithnithe comhlíontachta chun a fháil amach an bhfuil socruithe cáilíochta á gcomhlíonadh ar aon dul lena rabhthas ag súil leis do réimsí sainiúla riosca ar fud na heagraíochta m.sh. soláthar.
- **An tríú líne chosanta** – dearbhú neamhspleách oibiachtúil. Dírítear é sé sin ar ról an iniúchta inmheánaigh lena gcuirtear clár oibre chun feidhme atá deartha go sainiúil chun tuairim neamhspleách oibiachtúil a thabhairt ar an gcreatlach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe.

## Iniúchadh Inmheánach

Is príomhghné í feidhm an Iniúchta Inmheánaigh maidir leis an mBord rialacháin a chur ar an eolas maidir le héifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh tuarascálacha Iniúchóra Inmheánaigh in 2019 lena gclúdaíodh raon leathan réimsí: Airgeadais, Oibriúcháin agus Eagraíochtúil. Tugadh na tuarascálacha sin os comhair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus níor sainaithníodh aon saincheist shuntasach.

## Rialachas Corparáideach – Comhlíontacht

Oibríonn PIAB i gcomhréir le forálacha Acht 2003 ina leith, arna leasú in 2007 agus in 2019. Oibríonn PIAB faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Mar aon le téarmaí na reachtaíochta rialaithe dár gcuid, ceanglaítear orainn réimse leathan de cheanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile a chomhlíonadh. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn chun na ceanglais shonracha a leanas a chomhlíonadh:

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag PIAB chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód nua a tugadh isteach i Lúnasa 2016 agus a ghlac an Bord go foirmiúil leis. Gach bliain, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go bhfuil PIAB ag comhlíonadh an Chóid. Áirítear leis sin dearbhú gur comhlíonadh an Cód um Chaiteachas Poiblí agus gur cloíodh leis. Mar chuid de cheanglais an Chóid, forbraíodh Comhaontú Seirbhíse comhaontaithe lenár máthair-Roinn.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Titeann PIAB faoi raon feidhme an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Dá réir sin, nuair is gá, tá ráitis leasa maidir le forálacha an Achta a chomhlíonadh comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus ag an bhfoireann a bhfuil poist ainmnithe acu. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm i gcomhair nochtadh leanúnach leasanna na gComhaltaí Boird agus is ceist í sin a chuirtear ag tús gach cruinniú Boird. Tá an fhoireann ar leibhéal na bainistíochta faoi réir na reachtaíochta sin freisin.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chuir PIAB nósanna imeachta i bhfeidhm chun forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá ráiteas sábháilteachta glactha againn lena gcuimsítear gach gné de leas na foirne.

## Comhionannas Fostaíochta

Glacann PIAB éagsúlacht agus comhdheiseanna chuige féin. Táimid tiomanta d'fhoireann fhorbairt lena léirítear éagsúlacht de chúlraí, de thuairimí agus de scileanna.

Táimid tiomanta dár mbunluachanna de Chomhoibriú, de Mheas, d'Oscailteacht agus de Mhacántacht a chomhlíonadh Maidir leis sin táimid tiomanta do thimpeallacht a chur ar fáil ina bhfuil cóimheas agus ina bhfuil comhdheiseanna fostaíochta ar fáil do gach iarratasóir agus do gach ball foirne beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht i bPobal na dTaistealaithe. Ní ghlacfaidh PIAB le leithcheal nó le ciapadh ar bith atá bunaithe ar na saintréithe sin.

Beidh gach gné na fostaíochta, lena n-áirítear an cinneadh chun daoine a fhostú, a ardú nó chun smacht a chur orthu, bunaithe ar fhiúntas, ar fheidhmíocht, agus ar riachtanais ghnó. Déanaimid iarracht na daoine is mó tallann a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil ó chomhthiomsú iarrthóirí éagsúil. Maidir leis sin d'oibríomar le Specialisterne le linn 2019, comhairleacht speisialta a earcaíonn agus a thacaíonn le daoine cumasacha a bhfuil Uathachas agus siondróm Asperger orthu.

Seoltar faisnéis faoi gach comórtas earcaíochta oscailte chuig eagraíochtaí a thacaíonn le daoine faoi mhíchumais amhail an Líonra Náisiúnta Foghlama, Rehab, EmployAbility, AHEAD agus Cumann na hÉireann um Fhostaíocht Thacaithe. Cuireadh in iúl do gach grúpa go ndéanfadh PIAB freastal ar iarrthóirí faoi mhíchumas ag agallaimh agus maidir le socruithe speisialta ar bith a theastódh. D'eagraíomar léachtaí ag am lóin dár bhfoireann le linn na bliana maidir le Feasacht ar Uathachas, ar Ionchuimsitheacht agus ar Mheabhairshláinte.

Tá ionadaíocht ag PIAB ar Choiste Comhairliúcháin um Míchumas de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Maoiníonn PIAB Clár Cúnaimh d'Fhostaithe do gach fostaí lena gcuirtear comhairleoireacht 24/7 duine le duine ar fáil. D'fhonn cuidiú le riachtanais phearsanta/chúram baile cuirimid éagsúlacht de roghanna oibre solúbtha ar fáil sa bhreis ar bhealaí feabhsaithe maidir le conas is féidir saoire reachtúil a ghlacadh amhail Saoire Thuismitheoireachta.

## Cearta an Duine

Trí Chairt Chustaiméirí PIAB tá an eagraíocht tiomanta do na nithe a leanas: Caitheamh le custaiméirí go cothrom, go cóir agus le meas.

Tá PIAB feasach ar chatagóirí na ndaoine atá cosanta faoi dhlí comhionannais agus ní dhéanann sé leatrom ar cheann ar bith de na forais atá leagtha síos maidir le soláthar earraí agus seirbhísí sna hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015 (ESA). Ní dhéanann PIAB leatrom ar aon de na forais a leanas: inscne; stádas sibhialta; stádas tuismitheora; stádas teaghlaigh; claonadh gnéis; reiligiún; aois; cine; náisiúntacht, nó cúlra eitneach; daoine den lucht siúil; nó míchumas.

Soláthraíonn PIAB seirbhísí d'éilitheoirí agus do fhreagróirí uile, a bhaineann le héilimh a tharla i bPoblacht na hÉireann agus ghlacann sí cinntí bunaithe ar a ról agus ar a chuid freagrachtaí faoi reachtaíocht lena n-áirítear na hAchtanna um Measúnú Díobhálacha Pearsanra, arna leasú, agus faoi dhlíthe ábhartha eile. Tá tiomantas PIAB do mheasúnú cóir, éifeachtach agus follasach ar éilimh leagtha amach go soiléir ar a shuíomh gréasáin. Chuir PIAB tús le próiseas bunathraithe in 2019 chun teangacha a chur leis na teangacha a cuireadh ar fáil cheana féin maidir le faisnéis faoin bpróiseas um éilimh ar an suíomh gréasáin dár gcuid. Rinneadh an próiseas sin a threorú ag sonraí ón Daonáireamh is déanaí maidir leis na teangacha is coitianta a labhraítear sa Stát. Ó 2020 i leith, soláthrófar faisnéis a chuireann PIAB ar fáil ar a shuíomh gréasáin sna teangacha a leanas: Araibis, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Portaingéilis, Rómáinis, Rúisis, Sínis agus Spáinnis.

Forbraíodh suíomh gréasáin nuashonraithe PIAB chun rochtain fheabhsaithe a sholáthar do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu agus tá sé scríofa ar bhealach simplí soiléir.

## Cosaint Sonraí

Éilítear ar PIAB Sonraí Pearsanta a phróiseáil d'fhonn a chuid feidhmeanna reachtúla a chur chun feidhme chun éilimh um dhíobhálacha pearsanta a mheasúnú ar bhealach cóir agus éifeachtach. Tá meas ag PIAB ar chearta príobháideachais díobh siúd a bpróiseálann sé a gcuid Sonraí Pearsanta agus tá sé thar a bheith comhfhiosach ar a chuid oibleagáidí faoi reachtaíocht atá ann lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1988, 2003 agus 2018) agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) a tháinig i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018. Oibríonn PIAB i gcomhréir le Cód Cleachtais foirmiúil um Chosaint Sonraí, atá foilsithe ar a shuíomh gréasáin. Chuir PIAB tús le clár ullmhachta um an GDPR le linn 2017, agus cuireadh i gcrích é sin roimh theacht i bhfeidhm an GDPR. Le linn 2019, rinneadh athbhreithniú ar bheartais agus ar phróisis um chosaint sonraí.

## Reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise

Tugadh PIAB faoi chuimsiú na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise (SF) i rith 2015. D'fhreagair an eagraíocht ar roinnt iarratas in 2019, cinn acu a bhain le cásanna agus cinn acu de nádúr níos ginearálta. Faoi Scéim Foilsithe SF dá chuid, foilsíonn PIAB faisnéis maidir le seirbhísí, faisnéis airgeadais agus soláthar dá chuid ar a shuíomh gréasáin.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann PIAB faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 lena gcuirtear creatlach reachtúil ar fáil i gcomhair seachadadh seirbhísí as Gaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo as Gaeilge agus as Béarla ag an am céanna. Foi.sítear ár nDoiciméad Straitéise as Gaeilge agus as Béarla freisin agus tá faisnéis d'éilitheoirí agus do fhreagróirí i nGaeilge agus i mBéarla ar ár suíomh gréasáin.

## Nochtuithe Cosanta

Tá Beartas Nochtuithe Cosanta ag PIAB lena gcuirtear creatlach ar fáil ina bhféadann an fhoireann imní a bhaineann le héagóracha ionchasacha a cuireadh ar a súile agus iad ag obair san eagraíocht a chur in iúl, agus fios acu go mbeidh siad in ann cosaintí fostaíochta suntasacha a fháil. Le linn 2019, ní dhearnadh aon nochtadh cosanta.

## Soláthar

Is é an córas tairisceana iomaíche an gnáth-nós imeachta a úsáideann PIAB sa phróiseas soláthair. Tugadh aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar na luachanna tairsí le haghaidh na rialacha soláthair a chur i bhfeidhm. Deimhníonn PIAB comhlíonadh na nósanna imeachta soláthair maidir le tairiscintí iomaíocha, ach amháin an soláthar neamhchomhlíontach atá sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Áirítear ar an gcomhlíonadh cloí le treoirlínte náisiúnta ón Oifig um Sholáthar Rialtais agus na Treoracha AE ábhartha araon, a bhfuil feidhm dlí acu i ngach Ballstát. Déanaimid athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar ár mbeartais agus nósanna imeachta soláthair agus cuirimid oiliúint ar fáil freisin don phearsanra ábhartha sa réimse tábhachtach teicniúil sin.

## Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn PIAB go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann sé ar gach bealach ábhartha forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (IR.580 de 2012), lena bhforáiltear go mbeidh an t-ús pionósach iníoctha mura n-íoctar íocaíochtaí ar idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonraítear a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is é an beartas atá againn ná chun a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus a íoc go tapa roimh an dáta dlite ar mhaithe le cuspóirí úis agus táillí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnta a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

Tá PIAB tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi chinneadh 15 lá an Rialtais, a tháinig i bhfeidhm in 2011 agus méadaíodh é in 2017. Cinntítear leis an bhforáil sin go ndéanfar íocaíocht ar gach sonrasc bailí le soláthraithe laistigh de 15 lá féilire agus go bhfoilseoimid ar ár suíomh gréasáin líon agus luach iomlán na n-íocaíochtaí a dhéantar go ráithiúil agus leibhéil an úis um íocaíocht dhéanach agus na gcostas cúitimh a íocadh.

## Cánachas

Deimhníonn PIAB gur comhlíonadh na dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena gcinntítear go bhfuil PIAB ar fheabhas ó thaobh comhlíontachta de lena oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar gach dliteanas cánach ar na dátaí dlite ábhartha nó roimhe sin.

## Pleanáil Straitéiseach

Oibríonn PIAB i gcomhréir lena Phlean Straitéiseach ábhartha. Le linn na bliana foilsíodh Plean Straitéiseach nua don tréimhse 2019-2024. Leagtar amach leis an bplean sin na príomhchuspóirí straitéiseacha atá againn le haghaidh na mblianta amach romhainn agus na príomhghníomhaíochtaí atá le déanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ar leibhéal oibríochtúil, leantar le cuspóirí foirne agus pleananna bliantúla gnó a chur ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha PIAB. Faomhann an Bord an buiséad gach bliain agus déanann sé measúnú foirmiúil ar fheidhmíocht trí thagairt a dhéanamh don bhuiséad sin (féach an tAthbhreithniú Airgeadais thíos le haghaidh sonraí breise faoi fheidhmíocht).

# Súil Siar ar Chúrsaí Airgeadais

**Príomhbhuaicphointí Airgeadais (€'000)**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Ioncam Iomlán | €11,664 | €11,792 | -1.09% |
| Caiteachas Iomlán | €11,625 | €11,123 | -4.51% |
| Barrachas | €39 | €669 | -94.17% |
| Insreabhadh airgid oibriúcháin | €648 | €835 | -22.4% |
| Caiteachas Caipitil | €118 | €198 | -40.4% |

Thuairiscigh PIAB barrachas beag de €39k in 2019. Chuaigh laghdú ar mhéid na n-éileamh um dhíobhálacha pearsanta a fuarthas i bhfeidhm ar thorthaí 2019, agus chomh maith leis an laghdú sin bhí méadú ar chaiteachas iomlán a tháinig chun cinn go príomha mar gheall ar infheistíocht i TFC agus i seirbhísí gairmiúla um Bainistíocht Athruithe arna soláthar chun cuidiú le treoir teicneolaíochta agus oibriúcháin PIAB sa todhchaí a threorú ar aon dul le Plean Straitéiseach 2019-2024 PIAB.

Bhí insreabhadh airgid oibriúcháin dearfach ann sa bhliain dar luach €0.6m agus bhí iarmhéid airgid de €11.1m ann ag deireadh na bliana. Tá iarmhéid an airgid glan ó íocaíocht €9m leis an státchiste arna faomhadh ag an mBord atá ag leanúint ó thús an Acht PIAB (Leasú) 2019.

## Ioncam Iomlán

Tháinig 87% den ioncam iomlán in 2019 ó Ioncam Táillí ó Fhreagróirí (daoine/eagraíochtaí a fhreagraíonn ar éilimh), Cuideachtaí Árachais go príomha, cosúil le 2018. Is í an táille reatha um Fhreagróir maidir le PIAB ag déileáil le héileamh Díobhála Pearsanta €600. Níor athraíodh an táille sin ó 2013, agus ag an gcéim sin laghdaíodh í ó €850.

Aithnítear an t-ioncam ó Tháillí Freagróirí nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina ndéantar an t-ioncam a thuilleamh .i. ina soláthraítear an tseirbhís. Fuarthas ioncam táillí freagróirí dar luach **€9.8m** in 2019, laghdú 5% ar an mbliain roimhe (2018: €10.4m). Leanaimid le monatóireacht a dhéanamh ar iarratais um éilimh díobhálacha pearsanta chuig PIAB a laghdaíodh faoi thart ar 7% i gcoinne leibhéil 2018 mar atá sonraithe thuas.

Faightear ioncam ó tháillí ó éilitheoirí freisin (daoine a fhulaingíonn díobháil phearsanta). Méadaíodh an táille maidir le hiarratas ar pháipéar an 1 Meán Fómhair ó €45 go €90 de réir na hionstraime reachtúla ábhartha (I.R. Uimh. 363/2019). Is í an táille le haghaidh iarratais i bhfoirm leictreonach a chuirtear isteach trí shuíomh gréasáin PIAB nó ar an Tairseach do Dhlíodóirí fós €45. Cuirtear an táille isteach leis an iarratas ar éileamh agus aithnítear í ar bhonn fáltas airgid. Aisíoctar táille an éilitheora leis an éilitheoir mar chuid den dámhachtain. Fuarthas **€1.5m** mar ioncam ó tháillí éilitheoirí in 2019, cosúil le leibhéil 2018, rud lena léirítear laghdú i méid na n-iarratas a fuarthas arna fhritháireamh ag méadú ar an táille le linn na bliana maidir le hiarratais ar pháipéar.

Caitear le táillí freagróirí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís. Ba é an t-ioncam iarchurtha mar thoradh air sin amhail an 31 Nollaig 2019 €2.2m (2018: €2.6m), agus bhí scaoileadh ioncaim dearfach de **€375k** mar thoradh air sin in 2019.

## Caiteachas Iomlán

Tá an caiteachas iomlán de €11.6m níos airde ná an bhliain roimhe faoi 4.51% agus baineann na príomhghnéithe de sin leis na nithe a leanas:

- Costais na dtuarastal de €6.0m
- Costais an Lárionaid Seirbhíse sheachfhoinsithe €2.4m
- Costais neamhphá eile €3.2m

Áirítear le costais na dtuarastal de **€6.0** laghdú de €91k (1.5%) ar an mbliain roimhe. Seo a leanas na príomhfhachtóirí ag a raibh tionchar le linn na bliana ar chostais na dtuarastal:

- Bá é meánlíon na foirne a bhí fostaithe 81.9 (2018:84.3)
- Méaduithe ar thuarastail a íocadh faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020)

Tá costais an chonartha don lárionad seirbhíse seachfhoinsithe ag **€2.4m** níos airde ná an bhliain roimhe faoi €89k (4%) mar gheall ar mhéaduithe ar chostais in 2019.

Is ionann costais neamhphá eile agus **€3.2m**, méadú €0.5m nó 4.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Baineann na príomhghnéithe a chuireann leis an méadú le táillí proifisiúnta, seirbhísí TFC agus Bainistíochta Athruithe arna soláthar chun córas TFC agus athbhreithniú ar mhodhanna oibre a chur i gcrích agus an cuspóir ag baint leis sin samhail oibriúcháin sprioctha fheabhsaithe agus seirbhís de cháilíocht fheabhsaithe a sheachadadh trí dhaoine, trí phróisis agus trí ghnéithe na teicneolaíochta. D'aimsigh PIAB seirbhísí cuideachta tríú páirtí freisin chun roinnt imscrúduithe a dhéanamh san áit oibre le linn na bliana. Áirítear le costais neamhphá eile teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide €0.7m (2018: €0.6m), riarachán ginearálta €0.7m (2018: €0.6m), cóiríocht agus costais thógála €0.4m (2018: €0.4m), dímheas €0.3m (2018: €0.4m), costais faisnéise, taighde agus cumarsáide €0.2m (2018: €0.2m).

Coimeádann PIAB painéil de shaineolaithe neamhspleácha (liachleachtóirí go príomha) a dhéanann scrúduithe dochtúra neamhspleácha mar chuid den phróiseas measúnaithe éileamh. Ba é an tsuim a d'íoc PIAB le baill an phainéil in 2019 €7.3m (2018: €7.4m), laghdú de thimpeall ar 1% atá inchurtha i leith méideanna níos lú. Déanann an Freagróir na costais sin a aisíoc le PIAB.

## Ciste agus Cúlchistí

Is ionann na taiscí airgid agus €11.1m (2018: €19.4m). Íocadh €9m le máthair-roinn PIAB (An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta) i Meitheamh 2019, ag leanúint ó thús an Achta PIAB 2019.

Gineadh €0.7m mar airgead ó oibríochtaí, agus infheistíodh €0.12m in acmhainní seasta agus insreabhadh airgid oibriúcháin dearfach mar thoradh air sin de €0.6m. Tá taiscí gearrthéarmacha (€11.1m) infheistithe i roinnt institiúidí airgeadais ar aon dul le beartas chiste infheistíochta PIAB agus thart ar €1m coimeádta chun críocha caipiteal oibre/leachtachta.

## Caiteachas Caipitil

Ba ionann infheistíocht caipitil agus €0.12m (2018: €0.2m) agus infheistíocht déanta i seirbhísí ar líne, sa bhonneagar TF agus i dtrealamh oifige le linn na bliana. Tá roinnt gealltanais chaipitil (€0.13m) conraithe ag deireadh na bliana a bhaineann go príomha le clár athsholáthair TF deisce.

## Súil ar aghaidh go 2020

Agus na méideanna ag laghdú le linn 2019, bhíothas ag súil go mbeadh 2020 ina bliain dhúshlánach do PIAB agus go mbeadh easnamh ionchasach ann má leantar leis na treochtaí reatha agus mura nglactar le beart ar bith chun tabhairt faoin gcás sin. Chuir an Bord tús le hobair ullmhúcháin chun tabhairt faoin gcás trí bhreathnú ar roghanna éagsúla chun inbhuanaitheacht oibriúcháin shamhail fhéinmhaoinithe PIAB a chosaint sa todhchaí.

Ó thosú na hoibre sin agus ó dháta an Chláir Chomhardaithe, tharla paindéim dhomhanda mar thoradh ar ráig Covid-19 atá ag cur isteach go forleathan ar ghnáthphatrúin de ghníomhaíocht ghnó ar fud an domhain agus Éire san áireamh. Measann an Bord gur imeacht neamhchoigeartaithe iar-chláir chomhardaithe an t-imeacht maidir le torthaí airgeadais 2019.

Maidir leis an mbliain reatha, cruthóidh Covid-19 dúshláin shuntasacha don gheilleagar ina iomláine agus i dtaca le hoibriú PIAB. I bhfianaise an nádúir athraithigh dá cuid, níl an Bord in ann na hiarmhairtí airgeadais agus iarmhairtí eile a mheas ag an gcéim seo. Tá monatóireacht dhlúth á déanamh againn ar na hiarmhairtí ionchasacha ar Thorthaí Airgeadais 2020 agus ar shreafaí airgid dár gcuid agus tá measúnú riosca mionsonraithe agus réamh-mheastacháin athbhreithnithe á n-ullmhú againn don ghnólacht a dhéanfar a nuashonrú ar bhonn leanúnach de réir mar a bheidh faisnéis bhreise ar fáil.

Mar chomhlacht féinmhaoinithe, beidh éifeacht ag Éigeandáil na Paindéime Covid-19 ar oibríochtaí PIAB agus ar ioncam le linn 2020, lena n-áirítear méideanna na n-éileamh a thiocfaidh faoi bhráid na heagraíochta le haghaidh measúnaithe, agus déanfaimid athbhreithniú rialta air sin i rith na bliana.

## Íoc Pras Cuntas

Sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2019, bhí 83% de na híocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá agus rinneadh 99.8% laistigh de 30 lá.

**Íocaíochtaí Prasa**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon Iomlán na Sonrasc a íocadh | 24,449 | 23,719 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí | €16,523,262 | €16,871,145 |
| Líon Iomlán na Sonrasc a íocadh tar éis 30 lá | 49 | 46 |
| Ús Iomlán agus Cúiteamh um Íocaíocht Phras | €1,147 | €2,592 |

## Athbhreithniú ar Ídiú Fuinnimh in 2019

Mar ghníomhaireacht san earnáil phoiblí, tá PIAB lán-tiomanta dá pháirt a ghlacadh maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh (laghdú) 33% a bhaint amach ón mbliain bhunlíne 2009 go dtí 2020. Amhail Nollaig 2019, bunaithe ar fhigiúirí a tugadh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), bhaineamar feabhsú 61% amach ón mbunlíne.

In 2019, d'ídigh PIAB 149,098 kWh fuinnimh, agus úsáid leictreachais amháin i gceist leis sin. Is ionann úsáid fhoriomlán in 2019 agus laghdú 1,405 kWh ar úsáid in 2018.

Glacann PIAB páirt i gcomhaontú creatlaí chun leictreachas a sholáthar arna sholáthar go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Tá PIAB feasach ar a chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta. Chuireamar roinnt tionscnamh glas i bhfeidhm lena n-áirítear úsáid iompair phoiblí ag an bhfoireann a chur chun cinn faoin scéim um choigilteas cánach, rochtain don fhoireann ar scéim um rothaíocht chun na hoibre, úsáid gabhdán athchúrsála agus beart éifeachtúlachta fuinnimh lena n-áirítear soilse arna ngníomhachtú ag braiteoirí a shuiteáil in oifigí. Leanfaidh PIAB le bearta riachtanacha a chur i bhfeidhm, nuair is féidir, d'fhonn ár lorg carbóin a laghdú.

## Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu in 2019

- rannpháirteachas le comhlachtaí poiblí eile curtha chun feidhme.
- ardú feasachta leanúnach don fhoireann déanta maidir le caomhnú fuinnimh

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2020

In 2020, tá sé ar intinn againn an méid a leanas a chur i gcrích:

- na ríomhairí deisce uile san eagraíocht a uasghrádú go trealamh ard-éifeachtúil nua.
- rannpháirteachas le comhlachtaí poiblí eile.
- tionscnaimh feasachta leanúnacha don fhoireann maidir le caomhnú fuinnimh

# Ráiteas Airgeadais

**don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019**


| | |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 40 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 41 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 44 |
| An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 47 |
| An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 48 |
| An Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 49 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 50 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 51 |

# Faisnéis Ghinearálta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly (Cathaoirleach) | | |
| | Conor O'Brien (iar-POF) | *Tháinig deireadh le comhaltas an 17 Deireadh Fómhair 2019* | |
| | Walter Cullen | | |
| | Martin Naughton | *Tháinig deireadh le comhaltas an 4 Aibreán 2019* | |
| | Tim O'Hanrahan | *Tháinig deireadh le comhaltas an 31 Nollaig 2019* | |
| | Colette Crowne | | |
| | Breda Power | | |
| | Margot Slattery | | |
| | Nuala Jackson | | |
| | An Dr. Jean O'Sullivan | | |
| | Aengus Cummins | *Tosaithe an 30 Aibreán 2019* | |
| | Karen Furlong | *Tosaithe an 29 Samhain 2019* | |
| **Oifig** | Teach Grain<br>Halla an Mhalartáin<br>Cearnóg Belgard Thuaidh<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24<br>D24 PXW0 | | |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>An Port Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 | | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>4-6 Priorsgate<br>An Phríomhshráid<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24<br>D24 XY66 | KBC Bank Ireland plc<br>3 Sráid an Mhéara<br>Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X489 | Grúpa Bhanc Uladh<br>Cé Sheoirse<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 VR98 |
| **Dlíodóirí** | Eversheds Sutherland<br>Ionad Phort an Iarla<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X668 | | |
| **Suíomh Gréasáin** | www.piab.ie | | |

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Ar son PIAB (an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta), tugaim aird ar fhreagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Leis an bhfreagracht sin tugtar na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta, seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis an gcóras, go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go gcoiscfí iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm laistigh de PIAB don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Timpeallacht Rialaithe

San áireamh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC), atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, tá daoine a bhfuil taithí dhéanaí ábhartha acu, lena n-áirítear inniúlacht i gcuntasaíocht, in iniúchadh agus i mbainistíocht riosca. Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire le linn 2019.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an PIAB freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR. Oibríonn an fheidhm Iniúchta inmheánaigh de réir Chairt fhaofa Iniúchta Inmheánaigh, atá comhsheasmhach leis na forálacha atá leagtha amach sa Chód. Socraíodh ar phlean oibre um iniúchadh inmheánach trí bliana i gcomhar leis an ARC. Déantar athbhreithniú ar an bplean sin gach bliain agus nuashonraítear é mar is gá agus nuair is gá. Leis an bplean oibre reatha um iniúchadh inmheánach tugtar réimsí riosca ionchasaigh atá sainaitheanta ag an eagraíocht san áireamh, le haird ar a cuspóirí straitéiseacha agus a creatlach bainistíochta riosca. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar thascanna a rinneadh. Leagann na tuarascálacha sin béim ar easnaimh nó ar laigí, más ann dóibh, atá sa chóras rialaithe inmheánaigh agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh más gá.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an bhFeidhmeannas ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí na ról agus na bhfreagrachtaí atá ag an bhfoireann maidir le riosca. Tá an beartas agus an t-ábhar ann curtha ar shúile gach ball foirne atá beartaithe le hobair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an PIAB, chun an bhainistíocht a chur ar a n-airdeall faoi laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag PIAB lena sainaithnítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na heochair-rioscaí atá faoin PIAB agus sainaithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus tugadh grádú dóibh de réir an suntais a bhaineann leo. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an ARC an clár dhá uair sa bhliain. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh ar shlí ina ndeimhnítear go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Tugtar eolas faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta d'aonaid/do bhainisteoirí gnó sainiúla sa chlár riosca.

Ghlac an Bord le bearta chun a chinntiú go mbíonn timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm lena mbaineann na gnéithe a leanas:

- tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha chun forfheidhmiú na creatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú,
- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh gach eochairphróiseas gnó,
- tá córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord é a athbhreithniú agus a fhaomhadh,
- coinnítear an buiséad bliantúil faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí agus ag an mBord,
- tá córas tuairiscithe cuimsitheach míosúil ann lena n-áirítear tuairisciú airgeadais agus oibríochtúil, agus coinnítear faoi athbhreithniú é ag an lucht bainistíochta sinsearaí,
- tá freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- athbhreithnithe rialta iniúchta inmheánaigh ar rialuithe agus nósanna imeachta airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta,
- tá córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach:

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreatlach de thuairisciú bainistíochta rialta, de nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dealú dualgas agus de chóras tarmligin agus cuntasachta. Cuimsítear na nithe seo a leanas leis go háirithe:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a bhaineann leo agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.
- athbhreithniú ar thuairisciú na bainistíochta ar riosca ag gach cruinniú Boird,
- tá plean iniúchta inmheánaigh trí bliana comhaontaithe. Athbhreithnítear agus comhaontaítear an plean iniúchta gach bliain. Cuireann an clár iniúchta inmheánaigh tuairim neamhspleách oibiachtúil ar fáil den timpeallacht rialaithe.

## Soláthar

Tá beartais agus nósanna imeachta mionsonraithe i bhfeidhm ag PIAB chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Chun dea-chleachtas sa réimse seo a chinntiú, cuirtear oiliúint ar fáil don phríomhfhoireann agus don lucht bainistíochta ar bhonn rialta. Tá Plean Soláthair Chorparáidigh trí bliana (2019-2021) agus pleananna Soláthair Bhliantúil i bhfeidhm ag PIAB. Le linn na bliana, tabhaíodh caiteachas €12,512,882 ar earraí agus ar sheirbhísí.

Tugtar nithe a éiríonn maidir le Rialuithe ar sholáthar chun suntais faoi Shaincheisteanna um Rialú Inmheánach thíos.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

### Soláthar Neamhchomhlíontach

Le linn 2019, tabhaíodh caiteachas €29,742 maidir le dhá chonradh seirbhíse nuair nach raibh na nósanna imeachta a úsáideadh comhlíontach ina n-iomláine maidir le treoirlínte soláthair. Seo a leanas na cúiseanna leis sin:

i) €18,069 – mar thoradh ar thar-rolladh conartha reatha mar gheall ar chríochnú tairisceana nua a bhí ar feitheamh. Eisíodh an comórtas tairisceana nua i Lúnasa 2019 agus creatlach de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtas á húsáid agus tabharfar chun críche é go luath in 2020.

ii) €11,673 – mar thoradh ar thar-rolladh conartha na hOifige um Sholáthar Rialtais reatha mar gheall ar chríochnú comórtas tairisceana nua a bhí ar feitheamh. Cuirfear an comórtas tairisceana nua chun feidhme go luath in 2020.

Rinneadh trí chinn de na cásanna de sholáthar neamhchomhlíontach a sonraíodh i Ráitis Airgeadais 2018 a réiteach in 2019.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag PIAB chun éifeachtúlacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú PIAB ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de PIAB atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais de rialuithe inmheánacha don bhliain 2019, i Nollaig 2019.

Arna síniú thar ceann an Bhoird;



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

22 Bealtaine 2020

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 mar a éillítear faoi fhorálacha alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Cuimsítear leis na ráiteas airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchiste ioncaim choinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar an sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid le haghaidh 2019 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bonn na Tuairime

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus iomchuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cuntas tugtha ar mo chuid freagrachtaí maidir le faisnéis dá leithéid, agus maidir le nithe eile a dhéanaim a thuairisciú mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.



**Andrew Harkness**
*Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

4 Meitheamh 2020

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Faoi mar atá leagtha amach sa ráiteas ar rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.
- chun a áirithiú go dtugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- chun a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éillítear orm faoi alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 ráitis airgeadais an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta a iniúchadh agus chun tuairisciú orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míshonrú a tharlú ó chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad más féidir, agus iad ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, tátal a bhaint go réasúnta go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním na rioscaí agus déanaim measúnú orthu maidir le míshonrú ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, is cuma más mar gheall ar chalaois nó earráid é sin; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighim fianaise don iniúchadh atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míshonruithe ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní ar mhaithe le tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus ar rudaí gaolmhara a nochtar.
- Déanaim amach maidir leis an gceist cibé an bhfuil sé cuí bonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, cibé an bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le tarluithe nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá barr faoi chumas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na

nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura mbíonn na nochtuithe sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a aimsítear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta d'oibriú mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nithe a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar shainchúram acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme beartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach ar féidir liom iad a aithint le linn an iniúchta.

**Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ghnóthaí eile**

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más amhlaidh go bhfuil gnéithe ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha a bheith ann nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun críocha a ceapadh dó nó nuair nach raibh idirbhearta ag géilleadh do na húdaráis a dhéanann iad a rialú.

Tuairiscím trí eisceacht freisin má tharla na rudaí a leanas, i mo thuairim,

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- níl na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntais.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Choinnithe

## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | NÓTAÍ | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | *2 (a)* | 11,651,014 | 11,732,723 |
| Ioncam Eile | *2 (b)* | 12,956 | 58,981 |
| **Ioncam Iomlán** | | **11,663,970** | **11,791,704** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | *3* | 6,043,160 | 6,134,517 |
| Costais Phróiseála Éilimh | *4* | 2,458,426 | 2,342,699 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | *3* | 68,499 | 72,390 |
| Costais Chóiríochta agus Foirgníochta | *5* | 406,945 | 415,593 |
| Earcú, Oiliúint agus Oideachas | *5* | 123,165 | 58,588 |
| Faisnéis, Taighde agus Cumarsáid | *5* | 205,555 | 179,145 |
| Iniúchadh agus Proifisiúnta | *5* | 723,168 | 158,952 |
| Dlí | *5* | (100,976) | 98,684 |
| TF | *5* | 607,066 | 638,883 |
| Teileachumarsáid | *5* | 75,483 | 72,805 |
| Riarachán Ginearálta | *5* | 667,258 | 574,774 |
| Dímheas | *6* | 347,084 | 375,822 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **11,624,833** | **11,122,853** |
| | | | |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | 39,137 | 668,851 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 18,118,759 | 17,449,908 |
| Íocaíocht leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | *16* | (9,000,000) | 0 |
| **IARMHÉID AMHAIL DEIREADH NA BLIANA** | | **9,157,896** | **18,118,759** |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas uile don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe.

Tá an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1 – 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*
22 Bealtaine 2020

Thar ceann an Bhoird

**Margot Slattery**
*Comhalta de chuid an Bhoird*
22 Bealtaine 2020

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

| | NÓTAÍ | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | | 39,137 | 668,851 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | *14* | 52,000 | 2,209,000 |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn ag an luach reatha d’oibleagáidí sochair scoir | *14* | (5,177,000) | 1,681,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir Iarchurtha | | 5,125,000 | (3,890,000) |
| **Ioncam Cuimsitheach don bhliain** | | **39,137** | **668,851** |

Tá an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1 – 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

22 Bealtaine 2020

Thar ceann an Bhoird



**Margot Slattery**
*Comhalta de chuid an Bhoird*

22 Bealtaine 2020

# An Ráiteas ar Staid an Airgeadais

## AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019

| | NÓTAÍ | 2019<br>€ | 2019<br>€ | 2018<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Acmhainní Neamh-Reatha** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta | *6* | | 897,967 | | 1,127,283 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | *7 (a)* | 1,863,683 | | 2,124,236 | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | *7 (b)* | 11,055,992 | | 19,407,903 | |
| Sócmhainní Reatha Iomlána | | 12,919,675 | | 21,532,139 | |
| | | | | | |
| **Dliteanais Reatha: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Suimeanna Iníoctha | *8* | 4,041,878 | | 3,778,363 | |
| Glansócmhainní Reatha | | | 8,877,797 | | 17,753,776 |
| | | | | | |
| **Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Soláthairtí | *10* | | (617,868) | | (762,300) |
| Sochair Scoir | | | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | *14* | | (34,003,000) | | (27,143,000) |
| Sócmhainn Mhaoiniúcháin Sochair Scoir Iarchurtha | *14* | | 34,003,000 | | 27,143,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | **9,157,896** | | **18,118,759** |
| | | | | | |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | | 9,157,896 | | 18,118,759 |
| **An tIomlán Maoinithe ag:** | | | **9,157,896** | | **18,118,759** |

Tá an Ráiteas ar na Sreafaí Airgid agus nótaí 1 – 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

22 Bealtaine 2020

Thar ceann an Bhoird



**Margot Slattery**
*Comhalta de chuid an Bhoird*

22 Bealtaine 2020

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019

| | NÓTAÍ | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don Bhliain Airgeadais | | 39,137 | 668,851 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas | | 347,084 | 375,822 |
| Ús faighte | *2 (b)* | (7,684) | (10,944) |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháltais | | 260,553 | (177,987) |
| Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | | 263,515 | 155,766 |
| (Laghdú)/Méadú ar Sholáthar le haghaidh Dliteanas | | (144,432) | 7,299 |
| Airgead ó ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 758,173 | 1,018,807 |
| | | | |
| Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | *6* | (117,768) | (197,574) |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | *6* | 0 | 2,547 |
| Glan-eis-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | (117,768) | (195,027) |
| | | | |
| Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin | | | |
| Ús Faighte | *2 (b)* | 7,684 | 10,944 |
| Íocaíocht leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | | (9,000,000) | 0 |
| Glan insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | | (8,992,316) | 10,944 |
| | | | |
| **(Laghdú)/Méadú Glan ar Airgead agus ar a Choibhéis** | | **(8,351,911)** | **834,724** |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid an 1 Eanáir | | 19,407,903 | 18,573,179 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig** | | **11,055,992** | **19,407,903** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## 1 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta a nglac an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (an PIAB) faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, le hardoifig ag Grain House, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Tá príomhfheidhmeanna PIAB leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

- An méid cúitimh atá i dteideal le héilimh díobhála pearsanta a mheas go cothrom agus go cruinn laistigh de shainchúram an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhealach tapa.

Eintiteas Sochair Phoiblí is ea PIAB.

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir leis an gcaighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (FRS 102) a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais de réir mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann..

### Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta ar glacadh leis go ginearálta agus tá siad san fhormáid a comhaontaíodh leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina ainmnítear na ráitis airgeadais.

### Ioncam

**Táillí éilitheora:**

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid ach iarratas chun éileamh a chlárú leis an PIAB a fháil.

**Táillí freagróra:**

Aithnítear táillí freagróra le toiliú do phróiseas an PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam agus ina soláthraítear an tseirbhís.

Ar aon dul le cuid FRS102, alt 23, seirbhísí a sholáthar, aithnítear ioncam ó tháillí Freagróra sa mhéid agus gur dhócha go sreabhfaidh leasanna eacnamaíocha chuig an PIAB agus go bhféadtar an t-ioncam a thomhas go cruinn. Comhlíontar na critéir a leanas sula n-aithnítear ioncam:

**Seirbhísí a sholáthar:**

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse ina soláthraítear na seirbhísí i gcomhréir le céim um chríochnú an chonartha.

Aithnítear ioncam ó tháille freagróra sa tréimhse ina thuilltear an t-ioncam agus ina soláthraítear an tseirbhís, bunaithe ar an modh céime críochnaithe le haghaidh seirbhísí a chur ar fáil.

Déileáiltear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

## Costais Réamhíoctha

Tabhaíonn an Bord costais sula bhfaightear toiliú agus déanann sé meastachán ag deireadh na bliana faoi chéatadán na gcásanna sin a mbeidh toiliú mar thoradh orthu agus déileálann sé leis na costais sin mar réamhíocaíochtaí.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag an gcostas nó luacháil lúide dímheas carntha. Léirítear dímheas ar bhonn líne dhíreach ar rátaí a mheastar a laghdaíonn na sócmhainní anuas chuig a luach inréadaithe faoi dheireadh a saolréanna ionchasacha úsáideacha mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Feabhsúcháin Léasachta | Blianta fágtha ar an léas | Méid Cothrom |
| Crua-earraí/Bogearraí TF | 25.00% | Méid Cothrom |
| Trealamh Oifige | 20.00% | Méid Cothrom |
| Daingneáin agus Feistis | 12.50% | Méid Cothrom |
| Troscán Oifige | 12.50% | Méid Cothrom |

## Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Ní bhaineann an díolúine sin le hús taisce. I gcás ina mbíonn ús infhála faoi réir cánach (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid infhála do shochar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## Léas Oibríochta

Tuairiscítear don caiteachas ar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ari Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## Infháltais

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar foráil shonrach d’aon mhéid a bhfuil amhras ann faoina bhailiúcháin.

## Sochair Fostaithe

**Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, amhail pá saoire, mar chaiteachas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana sna suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

## Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla agus Meastacháin

Chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Mar gheall ar nádúr an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

## Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta maidir le lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe don tsuim lena sáraítear suim inghnóthaithe shuim ghlanluacha na sócmhainne. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach is airde atá ar luach cóir sócmhainne lúide an costas a bheadh ar an tsócmhainn a dhíol agus luach na sócmhainne agus í á húsáid.

## Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

D'athbhreithnigh an Bord saolréanna na sócmhainní agus luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme de shócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna Crua-Earraí agus Bogearraí TF, agus baineadh an chonclúid amach go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

## Soláthairtí

Déanann an Bord forálacha le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, ar eol dó go bhfuil siad dlite ag dáta deiridh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na soláthairtí sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, agus coigeartaítear iad le haghaidh treochtaí deireanacha nuair is cuí. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta b'fhéidir, áfach. Mar thoradh air sin agus ar leibhéal na héiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, seans go mbeidh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an méid a measadh.

## Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na foshuíomhanna is bunús le luachanna achtúireacha dá ndéantar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochtaí costais chúram sláinte) a nuashonrú gach bliain, bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na foshuíomhanna:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo

(iii) rátaí treochtaí costas a bhaineann le cúram sláinte, an ráta maidir le boilsciú costais mhíochaine sna réigiúin ábhartha.

## Sochair Scoir

### Cineál na Scéimeanna

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. D’fhaomh an tAire Gnó,Fiontar agus Nuálaíocht agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an scéim in 2008. Faomhadh an scéim Pinsean Ranníocach do Bhaintreacha agus do Leanaí in 2009.

Ina theannta sin, oibríonn an Bord an Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), ar scéim í le sochar sainithe do sheirbhísigh inphinsin phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

### Tréithe na Scéime

Tá roinnt tréithe sonracha ag na scéimeanna:

Scéim Eiseamláireach:

- Déanann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá gné fostaí mar aon le gné fostóra sa ranníocaíochta. 25% de phá comhlán a bhí sa ranníocaíocht fostóra in 2019, agus 30% don fhoireann ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar nuair a bheidh siad dlite.

Go bunúsach, measann an Bord go bhfuil an oibleagáid chun sochar scoir a íoc fós leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (an PIAB), ach tá gealltanas tugtha ag an Státchiste go leor cistí a chur ar fáil don PIAB chun aon oibleagáid dá leithéid a íoc ar son an PIAB nuair a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann an PIAB ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus na bhfostóirí ag na rátaí a shonraítear. Dá réir sin, aithníonn na ráitis airgeadais Oibleagáid Sochar Scoir agus Cistiú Iarchurtha Státchiste Sochar Scoir infhaighte.

Íoctar ranníocaíochtaí bhaill Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Tá ranníocaíocht fostóra iníoctha leis an RCPA i gcomhréir le hImlitir 28/2016 ón RCPA.

Chun críocha tuairiscithe i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach amhail an 31 Nollaig 2019.

### Dliteanais na Scéime

Déantar dliteanais na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair arna léiriú ag luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag foireann PIAB go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe PIAB sa tréimhse, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, a choinníonn an Roinn. Meastar an méid le cur san áireamh sna ráitis airgeadais do mhéid na Sócmhainne Iarchurtha Státchiste Sochar Scoir ag méid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

**Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime**

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann ó athruithe ar foshuíomhanna achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach in iarmhéid na Sócmhainne Iarchurtha Státchiste Sochar Scoir.

Tá ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain san áireamh sna costais phinsin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## 2 (a) Ioncam ó Tháillí

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí | 1,526,789 | 1,478,938 |
| Ioncam ó Tháillí Freagróirí | 9,748,262 | 10,408,915 |
| Ioncam Iarchurtha sa bhliain reatha | (2,239,475) | (2,615,438) |
| Ioncam Iarchurtha – An méid a scaoiltear le hioncam sa bhliain | 2,615,438 | 2,460,308 |
| | 11,651,014 | 11,732,723 |

### Ioncam ó Tháillí Éilitheora:

Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid ach iarratas chun éileamh a chlárú leis PIAB a fháil. Ón 1 Meán Fómhair 2019 méadaíodh an táille maidir le hiarratas ar pháipéar ó €45 go €90 in aghaidh an iarratais i gcomhréir le I.R. Uimh. 363/2019 – Rialacháin 2019 (Leasú) um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Tá an táille le haghaidh iarratais i bhformáid leictreonach trí shuíomh gréasáin an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta fós ag €45.

### Ioncam ó Tháillí Freagróirí:

Baineann ioncam ó tháillí freagróra leis an mBord ag déileáil leis an iarratas (mar atá sonraithe san Acht PIAB). Aithnítear an t-ioncam ó tháillí freagróra nuair a thoilítear le próiseas an PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam nó ina soláthraítear an tseirbhís. Is é €600 an táille reatha de réir I.R. Uimh. 523/2012. – Rialacháin um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2012.

### Ioncam Iarchurtha

Déileáiltear le táillí freagróra a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

## 2 (b) Ioncam Eile

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Ús Infhála | 7,684 | 10,944 |
| Ioncam ilghnéitheach | 5,272 | 5,537 |
| Fáltais ó éilimh árachais | 0 | 42,500 |
| | 12,956 | 58,981 |

## 3 (i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | 4,536,211 | 4,724,593 |
| Ragobair | 0 | 1,747 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra | 1,048,123 | 1,176,092 |
| * Aisíocaíocht Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra SPSPS | 0 | (230,742) |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | 438,954 | 449,199 |
| | 6,023,288 | 6,120,889 |
| Fabhrú Pá Saoire | 19,872 | 13,628 |
| | 6,043,160 | 6,134,517 |

Baineadh €210,210 Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASD) agus íocadh í leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta in 2019, agus baineadh €257,259 mar Asbhaint a Bhaineann le Pinsin (PRD) agus íocadh í in 2018.

* Sa tréimhse 2015 go Meán Fómhair 2018 chuir PIAB ráta céatadáin asbhainte fostóra de 25% i bhfeidhm maidir le Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Leasaíodh é sin sa cheathrú ráithe de 2018 chun forálacha imlitir 28/2016 ón RCPA a léiriú mar a shocraítear ranníocaíochtaí fostóirí PIAB ag trí oiread ráta na ranníocaíochtaí fostaithe. Íocadh €249,956 (fostóir €210,312 agus fostaí €39,644) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in 2018,agus fuair PIAB €230,742 ón RCPA roimh dheireadh 2018 maidir le ró-íocaíocht as asbhaintí fostóra. Íocadh €155,033 (fostóir €116,272 agus fostaí €38,761) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) in 2019 maidir le Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| **An Líon Foirne** | | |
| Meánlíon na Foirne a fhostaíonn an Bord go díreach | 81.9 | 84.3 |
| Foireann coibhéise lánaimseartha amhail Deireadh na Bliana | 70.6 | 73.3 |

| **Luachanna Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh** | € | € |
|---|---|---|
| Conor O'Brien | 126,430 | 150,933 |
| Tuarastal | 126,430 | 150,933 |

D'éirigh an Príomhfheidhmeannach Conor O'Brien as oifig an 17 Deireadh Fómhair 2019. Ba bhall é de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (féach Nóta 14) agus bhí a theidlíochtaí pinsin i gcomhréir le téarmaí na scéime. Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Thosaigh Príomhfheidhmeannach nua, Rosalind Carroll, i Márta 2020.

**Príomhphearsanra Bainistíochta**

Cuimsítear le príomhphearsanra bainistíochta PIAB an Bord, an Príomhfheidhmeannach agus an Feidhmeannas atá comhdhéanta den Stiúrthóir Oibríochtaí, den Stiúrthóir Seirbhísí Tacaíochta Gnó, den Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus den Stiúrthóir Airgeadais. Tá costais a bhaineann leis an mBord i Nóta 3(ii), CE thuas agus seo a leanas na costais a bhaineann leis an bhFeidhmeannas:

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Comhiomlán na dtuarastal agus na sochar gearrthéarmach | 449,655 | 443,680 |

Tá teidlíochtaí pinsin an prhíomhphearsanra bainistíochta i gcomhréir le téarmaí Scéim Pinsin Eiseamláireach na Seirbhísí Poiblí (féach Nóta 14). Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse.

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas:

| **Raon na dTuarastal** | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|
| **Ó – Go €** | **2019** | **2018** |
| 60,000 – 69,999 | 4 | 2 |
| 70,000 – 79,999 | 6 | 6 |
| 80,000 – 89,999 | 10 | 15 |
| 90,000 – 99,999 | 7 | 2 |
| 100,000 – 109,999 | 2 | 3 |
| 110,000 – 119,999 | 2 | 2 |
| 120,000 – 129,999 | 1 | 0 |
| 130,000 – 139,999 | 0 | 0 |
| 140,000 – 149,999 | 0 | 0 |
| 150,000 – 159,999 | 0 | 1 |
| | 32 | 31 |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, i measc sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh áirítear tuarastail agus liúntais ragoibre, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

| **Ranníocaíocht Pinsin an Fhostóra** | **2019 €** | **2018 €** |
|---|---|---|
| Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí | 114,577 | 186,167 |
| Scéim Eiseamláireach | 933,545 | 989,925 |
| | 1,048,122 | 1,176,092 |

## ii) Táillí agus Caiteachais an Bhoird

| | **2019 €** | **2018 €** |
|---|---|---|
| Táillí Boird | 68,499 | 72,390 |
| **De réir Chomhalta an Bhoird** | | |
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Walter Cullen | 11,970 | 11,970 |
| Margot Slattery | 11,970 | 11,970 |
| Nuala Jackson | 11,970 | 4,987 |
| Aengus Cummins | 7,980 | 0 |
| Martin Naughton | 3,092 | 11,970 |
| Karen Furlong | 997 | 0 |
| John Lynch | 0 | 6,983 |
| Dermot Gorman | 0 | 3,990 |
| | 68,499 | 72,390 |

Níor íocadh táillí leis na Comhaltaí Boird a leanas in 2019: Breda Power, Tim O'Hanrahan, an Dr. Jean O'Sullivan, Colette Crowne agus Conor O'Brien mar gheall ar chur i bhfeidhm an phrionsabail um Dhuine Amháin Tuarastal Amháin.

Níor íocadh aon speansais a bhain leis an mBord i rith na bliana.

## 4 Costais Phróiseála Éileamh

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Costais an Lárionaid Seirbhíse Sheachfhoinsithe | 2,425,568 | 2,336,047 |
| Táillí Leighis a bhain le hÉilimh* | 7,148,357 | 7,214,840 |
| Costais Eile a bhain le hÉilimh | 129,567 | 141,207 |
| Costais a bhain le hÉilimh a bheidh le hAisíoc | (7,277,924) | (7,356,047) |
| Costais Phróiseála Éileamh Réamhíoctha sa bhliain reatha** | (206,607) | (239,465) |
| Costais Phróiseála Éilimh Réamhíoctha – scaoilte sa bhliain | 239,465 | 246,117 |
| | 2,458,426 | 2,342,699 |

* Mar chuid de phróiseas an Bhoird (féach Nóta 2) áirithíonn sé seirbhísí réimse de chleachtóirí gairmiúla, lena n-áirítear dochtúirí ginearálta, sainchomhairleoirí agus achtúirí. Athraíonn leibhéal na gcostas próiseála éilimh de réir an éilimh. Mar gheall ar an meán-amlíne a bhaineann leis an bpróiseas beidh costais phróiseála éileamh tabhaithe in 2020 a bhaineann le toilithe a fuarthas in 2019, níl na costais sin ar fáil sna ráitis airgeadais.

** Áirítear sna costais phróiseála éileamh cuid de na costais réamh-thoilithe atá réamhíoctha chuig 2020. Scaoiltear an réamhíocaíocht nuair a fhaightear táillí an fhreagróra.

Aisíocann an freagróir na costais sin agus costais eile a bhaineann le héileamh ar ais leis an mBord (Féach Nóta 7 Táillí Infhála – Táillí a Bhaineann le hÉilimh).

## 5 Caiteachas

| **Costais Chóiríochta agus Foirgníochta** | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí agus Muirir Seirbhíse | 308,238 | 315,278 |
| Glanadh agus Slándáil | 48,955 | 50,854 |
| Solas agus Teas, Cothabháil agus Eile | 49,752 | 49,461 |
| | 406,945 | 415,593 |

| **Costais Earcaíochta, Oiliúna agus Oideachais** | € | € |
|---|---|---|
| Oiliúint, Oideachas agus costais eile | 28,826 | 38,218 |
| Comhairleacht Acmhainní Daonna | 13,561 | 8,118 |
| Fógraíocht, Agallaimh agus costais earcaíochta eile | 80,778 | 12,252 |
| | 123,165 | 58,588 |

| Ranníocaíocht Pinsin an Fhostóra | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí | 114,577 | 186,167 |
| Scéim Eiseamláireach | 933,545 | 989,925 |
| | 1,048,122 | 1,176,092 |

| Costais a bhain le Faisnéis, Taighde agus Cumarsáid | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Feasacht Phoiblí | 117,332 | 79,539 |
| Caidreamh Poiblí agus Comhairleacht Chumarsáide | 32,468 | 49,090 |
| Bileoga/Bróisiúir agus Foilseacháin | 29,984 | 20,174 |
| Fógraíocht – Eile | 25,771 | 30,342 |
| | 205,555 | 179,145 |

| Costais Iniúchóireachta agus Phroifisiúnta | € | € |
|---|---|---|
| Táillí Staitistiúla agus Táillí Gairmiúla eile | 65,365 | 75,871 |
| Tacaíocht Soláthair | 10,824 | 0 |
| Comhairleacht TF* | 18,327 | 34,778 |
| Comhairleacht Airgeadais | 3,879 | 5,629 |
| Seirbhísí um Imscrúdú san Áit Oibre | 143,442 | 0 |
| Iniúchadh Inmheánach | 31,867 | 26,174 |
| Iniúchadh | 17,000 | 16,500 |
| Athbhreithniú ar Chóras TF* | 190,000 | 0 |
| Clár um Athruithe* | 242,464 | 0 |
| | 723,168 | 158,952 |

In 2019, áirítear le costais iniúchóireachta agus phroifisiúnta costais mar thoradh ar obair a rinneadh in dá réimse:

i) Athbhreithniú ar Chórais TF – Measúnú ar ardán teicneolaíochta reatha an Bhoird, ar roghanna agus ar an gcás gnó don díriú ar staid sa todhchaí.

ii) Clár um Athruithe – Athbhreithniú ar mhodhanna oibre agus an cuspóir ann samhail oibriúcháin fheabhsaithe a sheachadadh agus cáilíocht fheabhsaithe seirbhíse a sholáthar trí ghnéithe um Dhaoine, Próiseas agus Teicneolaíocht. Cuireadh Céim a hAon den Chlár um Athruithe i gcrích. Is é aidhm fhoriomlán an chláir chun bogadh go timpeallacht dhigitithe, uathoibrithe, chun an próiseas agus an tseirbhís reatha arna dtairiscint do pháirtithe leasmhara a fheabhsú.

* Áirítear leis na costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’ leo.

| | € | € |
|---|---:|---:|
| Costais chomhairleachta a chuirtear chun dochar an athuair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 450,791 | 40,407 |
| | 450,791 | 40,407 |

| **Costais Dhlíthiúla** | € | € |
|---|---:|---:|
| Comhairlí Ginearálta Dlí | 115,141 | 64,000 |
| Soláthar Breise (Nóta 10) | 250,000 | 250,000 |
| Scaoileadh an tSoláthair Dhlíthiúil | (466,117) | (215,316) |
| | (100,976) | 98,684 |

| **Costais TF** | € | € |
|---|---:|---:|
| Tacaíocht agus Cothabháil TF | 283,127 | 309,177 |
| Táillí Ceadúnais TF | 193,757 | 193,794 |
| Costais Óstála | 93,287 | 103,703 |
| Seirbhís Bhainistithe Priontála | 15,435 | 22,009 |
| Slándáil TF | 13,384 | 2,233 |
| Costais Eile TF | 8,076 | 7,967 |
| | 607,066 | 638,883 |

| | **2019** | **2018** |
|---|---:|---:|
| **Costais Teileachumarsáide** | € | € |
| Línte léasaithe | 45,363 | 40,962 |
| Teileafón | 22,732 | 22,364 |
| Fón Móibíleach | 4,682 | 6,773 |
| Cothabháil Teileafóin | 2,706 | 2,706 |
| | 75,483 | 72,805 |

| **Costais Riaracháin Ghinearálta** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Postas | 442,634 | 424,516 |
| Díscríobhanna Táillí a Bhaineann le hÉilimh | 44,342 | 32,886 |
| Árachais | 38,343 | 47,576 |
| Díscríobhanna Táillí Freagróra | 34,200 | 49,200 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | 30,931 | (57,609) |
| Stáiseanóireacht Oifige | 25,022 | 29,530 |
| Ús Bainc agus Muirir | 21,516 | 14,645 |
| Taisteal agus Cothabháil na Foirne – Náisiúnta | 13,120 | 14,143 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Foireann* | 11,543 | 8,455 |
| Costais Éagsúla | 1,766 | 4,038 |
| Taisteal agus Cothabháil na Foirne – Idirnáisiúnta | 1,429 | 2,957 |
| Ús Íocaíochta Prais | 1,147 | 2,592 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Cliant | 818 | 1,003 |
| Caiteachas a Bhaineann le Fostaithe | 447 | 842 |
| | 667,258 | 574,774 |

* Áirítear le caiteachas Siamsaíochta/Fáilteachais ranníocaíocht €5,562 le Club Sóisialta Fhoireann PIAB.

## 6 Sócmhainní Seasta

| Costas/Luacháil | Léasacht Feabhsuithe € | Crua-earraí/ Bogearraí TF € | Trealamh Oifige € | Troscán Oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | 634,221 | 1,349,066 | 48,082 | 61,939 | 2,093,308 |
| Breiseanna | 0 | 116,766 | 1,002 | 0 | 117,768 |
| Diúscairtí | 0 | (78,785) | 0 | 0 | (78,785) |
| Amhail an 31 Nollaig | 634,221 | 1,387,047 | 49,084 | 61,939 | 2,132,291 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 158,556 | 765,043 | 28,287 | 14,139 | 966,025 |
| Muirear | 95,133 | 234,630 | 9,784 | 7,537 | 347,084 |
| Diúscairtí | 0 | (78,785) | 0 | 0 | (78,785) |
| Amhail an 31 Nollaig | 253,689 | 920,888 | 38,071 | 21,676 | 1,234,324 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | 380,532 | 466,159 | 11,013 | 40,263 | 897,967 |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 475,665 | 584,023 | 19,795 | 47,800 | 1,127,283 |

## 7 (a) Infháltais

| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Táillí Infhála: | | |
| *Táillí Freagróirí* | 784,800 | 958,800 |
| *Táillí a Bhaineann le hÉilimh* | 816,630 | 715,657 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | (143,461) | (112,530) |
| Ús Infhála | 374 | 9,683 |
| Réamhíocaíochtaí | 384,646 | 428,154 |
| Féichiúnaithe Eile* | 20,694 | 124,472 |
| | 1,863,683 | 2,124,236 |

* Íoctar costas pinsin na seisear pinsinéirí PIAB ag an PIAB agus aisíoctar é ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Ba é an costas iomlán in 2019 €293,265, agus aisíocadh €366,368 le linn na bliana (€73,103 a bhain le 2018 + €293,265 a bhain le 2019).

## 7 (b) Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 997,726 | 284,870 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | 10,058,266 | 19,123,033 |
| | 11,055,992 | 19,407,903 |

## 8 Suimeanna Iníoctha

| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha | 435,162 | 88,673 |
| Fabhruithe | 794,085 | 625,831 |
| Cánacha agus Leas Sóisialta | 261,004 | 219,841 |
| Dliteanas Pinsin* | 107,524 | 120,313 |
| Creidiúnaithe Eile | 109,646 | 89,791 |
| An Tairseach do Dhlíodóirí – Íocaíochtaí ar Chuntas | 94,982 | 18,476 |
| Ioncam Iarchurtha (Nóta 9) | 2,239,475 | 2,615,438 |
| | 4,041,878 | 3,778,363 |

* Ranníocaíochtaí Pinsin a Bhaineann le Pinsin Fostaithe agus Fostóra agus ASC/PRD

## 9 Ioncam Iarchurtha

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 2,615,438 | 2,460,308 |
| Ioncam Iarchurtha a soláthraíodh sa bhliain (Nóta 2) | 2,239,475 | 2,615,438 |
| An méid a scaoileadh le hioncam sa bhliain | (2,615,438) | (2,460,308) |
| Iarmhéid Deiridh | 2,239,475 | 2,615,438 |

Déileáiltear le táillí freagróirí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

## 10 Soláthairtí

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 762,300 | 755,001 |
| Forail Bhreise (Nóta 5) | 322,867 | 250,000 |
| A Úsáideadh sa Bhliain | (1,182) | (27,386) |
| Laghdú san Fhoráil | (466,117) | (215,315) |
| Iarmhéid Deiridh | 617,868 | 762,300 |

Is ionann na soláthairtí agus meastachán stuama na ndliteanas a d'fhéadfadh a theacht chun cinn do thríú páirtithe, i leith caingne dlí/éileamh agus imscrúduithe san áit oibre a cuireadh in iúl roimh dheireadh na bliana. De bharr nádúr a chuid oibríochtaí, tá an Bord rannpháirteach i gcaingne dlí éagsúla, go príomha in athbhreithniú breithiúnach ar ailt an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá na soláthairtí bunaithe ar mheasúnú na gcostas dóchúil a bhainfeadh le caingne/éilimh atá ar eolas a chosaint, imscrúduithe san áit oibre a chur i gcrích sa mhéid is a mheastar gur féidir brath go iontaofa ar mheastachán na gcostas sin. Áirítear leis na boinn tuisceana a rinneadh agus leibhéal cuí an tsoláthair á mheas, an toradh dóchúil a bheidh ar chaingne, an treocht amach anseo ar chostais dhlíthiúla (ár gcostais féin agus costais tríú páirtithe araon) agus an dáta a mheasfar a éistfear leis an gcaingean/na héilimh agus na hamlínte agus costais dhóchúla chun imscrúduithe san áit oibre. Athbhreithnítear na soláthairtí ar bhonn míosúil, agus de réir mar a bhíonn faisnéis bhreise ar fáil, agus ina dhiaidh sin, próiseáiltear aon mhéadú nó laghdú is gá ar an soláthar. Tá an Bord sásta go bhfuil an meastachán is fearr déanta aige le haghaidh soláthar cuí sna ráitis airgeadais le haghaidh an toraidh dhóchúil.

## 11 Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar a luaitear i Nóta 10, tá an Bord, ó am go ham, ina pháirtí do chaingne éagsúla dlí. Déanann an Bord soláthar iomlán le haghaidh costais ionchasacha dlí a bhaineann leis na cásanna a fógraíodh dó (Nóta 10). Is dócha go bhfógrófar roinnt cásanna breise don Bhord sa todhchaí maidir le cinntí a rinneadh roimh an 31 Nollaig 2019. Ní féidir tionchar ionchasach airgeadais a leithéid d'éilimh a mheas.

## 12 Gealltanais Airgeadais

### Léasanna oibriúcháin

Tá an Bord suite ar dhá urlár ag Grain House, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus íocann an Bord as costais an léasa, €188,554 in aghaidh na bliana, faoi thionóntacht ó bhéal. Feidhmíonn an Bord faoi théarma léasa fiche bliain ar cuireadh tús leis in Aibreán 2004.

Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí na meán-íocaíochtaí léasa don todhchaí seo a leanas ag an mBord faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe maidir le gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain | 188,554 | 189,304 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 612,800 | 754,215 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 0 | 47,138 |
| | 801,354 | 990,657 |

Is ionann na léasanna oibriúcháin a aithnítear mar speansais agus €189,555 (2018: €189,555)

## 13 Gealltanais Chaipitil

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Faoi Chonradh (Conradh Sínithe) | 125,936 | 72,054 |
| | 125,936 | 72,054 |

## 14 Cur Chuige Cuntasaíochta maidir le Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim pinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Eiseamláir na Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an scéim in 2008. Faomhadh an Scéim Pinsin Ranníocach do Bhaintreacha agus do Leanaí in 2009.

Faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, bíonn iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí an 1 Eanáir 2013 nó tar éis sin ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair").

Tá roinnt tréithe sonracha ag an scéim (féach nóta 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta).

### Luacháil Achtúireach

Choimisiúnaigh an Bord luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe ar an dáta tuairiscithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) a fabhraíodh i rith na bliana. Tá na foshuíomhanna a leanas ina mbonn don luacháil sin atá bunaithe ar mhodh Chreidiúint Réamh-mheasta an Aonaid:

| **Ráta Bliantúil Toimhdithe** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.25% | 2.10% |
| Foshuíomh um boilsciú (Praghasinnéacs Tomhaltóirí) | 1.50% | 1.70% |
| Méaduithe Tuarastal | 2.75% | 2.95% |
| Méaduithe Pinsean Stáit | 2.00% | 2.20% |
| Ráta an mhéadaithe i bpinsin atá á n-íoc – Scéim Eiseamláireach | 2.25% | 2.45% |
| Ráta an mhéadaithe i bpinsin atá á n-íoc – Scéim Aonair | 1.50% | 1.70% |

Ina theannta sin, rinneadh na foshuíomhanna déimeagrafacha a leanas amhail an 31 Nollaig 2019.

| **Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois** | | |
|---|---|---|
| Fear d'aois 45 bliana faoi láthair | 25.1 years | 25.0 years |
| Fear d'aois 65 bliana faoi láthair | 22.7 years | 22.6 years |
| Bean d'aois 45 bliana faoi láthair | 26.1 years | 26.0 years |
| Bean d'aois 65 bliana faoi láthair | 24.2 years | 24.1 years |

Bunaithe ar an méid thuas, is é €34,003,000 luach reatha na ndliteanas ar an dáta tuairiscithe (2018: €27,143,000), agus is é €1,345,000 costas seirbhíse (arna ríomh de réir na bhfoshuíomhanna roimhe seo) na bliana (2018: €1,574,000).

### Anailís ar na costais phinsin iomlána curtha chun dochair do chaiteachas

| | **2019**<br>**€** | **2018**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an fhostóra | 1,048,122 | 1,176,092 |
| * Costas seirbhíse reatha | 1,345,000 | 1,574,000 |
| Costas úis | 567,000 | 575,000 |
| Costas na seirbhíse roimhe seo | 120,000 | 187,000 |
| Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha Pinsin Státchiste | (2,032,000) | (2,336,000) |
| Iomlán a cuireadh chun dochair don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 1,048,122 | 1,176,092 |

* Áirítear leis an gCostas Seirbhíse Reatha ranníocaíochtaí fostaithe arbh ionann iad agus €211,042 in 2019 agus €223,366 in 2018.

### Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 27,143,000 | 28,854,000 |
| Costas Reatha Seirbhíse | 1,345,000 | 1,574,000 |
| Costas Úis | 567,000 | 575,000 |
| Costas na seirbhíse roimhe seo | 120,000 | 187,000 |
| Gnóthachain (ó thaithí) ar dhliteanais na scéime | (52,000) | (2,209,000) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna | 5,177,000 | (1,681,000) |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | (297,000) | (157,000) |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | 34,003,000 | 27,143,000 |

### Stair na ndliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanais ó thaithí

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Athruithe i mboinn tuisceana a bhíonn mar bhonn ag luach reatha dliteanais na scéime pinsin | 5,177,000 | (1,681,000) |
| % dliteanais ag deireadh na bliana | (15.2%) | 6.19% |
| Gnóthachain (ó thaithí) ar dhliteanais na scéime | (52,000) | (2,209,000) |
| % dliteanais ag deireadh na bliana | (0.2%) | (8.1%) |
| Dliteanas scéime | 34,003,000 | 27,143,000 |

## 15 Nochtuithe maidir le Páirtithe Gaolmhara

Féach ar Nóta 3 le haghaidh miondealú ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais Athbhreithnithe 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Cód Iompraíochta Gnó i bhfeidhm ag an mBord do Chomhaltaí Boird agus d'fhostaithe. Cuimsítear treoir sna cóid sin maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana atá clúdaithe sna ráitis airgeadais seo.

## 16 Íocaíocht leis an Roinn

San Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019 déantar foráil ionas gur féidir leis an Aire íocaíochtaí a iarraidh ó PIAB maidir le barrachas cistí atá i seilbh aige. Le linn na bliana, i gcomhairliúchán leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, tar éis dó na meastacháin is fearr maidir le hoibriú, teagmhasacht agus riachtanais chaipitil amach anseo a bhreithniú, d'fhaomh an Bord íocaíocht €9 milliún leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Rinneadh an íocaíocht i Meitheamh 2019.

## 17 Teagmhais tar éis dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Ó dháta an tuairiscithe, tharla paindéim dhomhanda mar thoradh ar ráig Covid-19 atá ag cur isteach go forleathan ar ghnáthphatrúin de ghníomhaíocht ghnó ar fud an domhain agus Éire san áireamh. Measann an Bord gur teagmhas neamhchoigeartaithe é sin tar éis dháta an tuairiscithe. I bhfianaise an nádúir athraithigh a bhaineann léi níl an Bord in ann na hiarmhairtí airgeadais agus iarmhairtí eile a mheas ag an gcéim seo.

Chuir lucht bainistíochta PIAB measúnú tosaigh i gcrích ar an staid reatha agus ar a hiarmhairt ar PIAB ó bhonn an ghnóthais leantaigh. Tá an measúnú sin bunaithe ar roinnt foshuíomhanna príomhúla atá faoi réir ag athrú agus déanfar athbhreithniú leanúnach air sa chás reatha atá ag athrú go leanúnach. Ar bhonn an mheasúnaithe reatha agus ar staid airgeadais láidir PIAB i dtéarmaí cúlchistí agus iarmhéideanna airgid, tá lucht bainistíochta PIAB den tuairim gur féidir leanúint le hoibríochtaí ar bhonn an ghnóthais leantaigh chun an tréimhse Bealtaine 2020 go dtí Aibreán 2021 a chlúdach.

## 18 Figiúirí comparáideacha

Athaicmíodh méideanna áirithe ón mbliain roimhe ar mhaithe le comhsheasmhacht le léiriú na bliana reatha. Ní raibh tionchar ag na hathaicmithe sin ar na torthaí tuairiscithe.

## 19 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 22 Bealtaine 2020.

# Aguisín

## Anailís gheografach ar Éilimh

### Tábla 6.1 Miondealú na nDámhachtainí de réir Suímh (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | 2019 | 2019 | 2018 | 2018 | 2017 | 2017 | 2016 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na nDám-hachtainí** | **% na nDám-hachtainí** | **Líon na nDám-hachtainí** | **% na nDám-hachtainí** | **Líon na nDám-hachtainí** | **% na nDám-hachtainí** | **Líon na nDám-hachtainí** | **% na nDám-hachtainí** |
| Poblacht na hÉireann | 11,270 | 97.8% | 11,858 | 97.9% | 12,353 | 97.5% | 12,658 | 97.6% |
| Tuaisceart Éireann | 129 | 1.1% | 149 | 1.2% | 171 | 1.4% | 199 | 1.5% |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 57 | 0.5% | 70 | 0.6% | 75 | 0.6% | 74 | 0.6% |
| An chuid eile den Domhan | 71 | 0.6% | 35 | 0.3% | 64 | 0.5% | 35 | 0.3% |
| **IOMLÁIN** | **11,527** | **100.0%** | **12,112** | **100.0%** | 12,663 | 100.0% | 12,966 | 100.0% |

### Tábla 6.2 Miondealú ar Chatagóirí na nDámhachtainí de réir Suímh (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | 2019 | 2019 | 2019 | 2019 | 2018 | 2018 | 2018 | 2018 | 2017 | 2017 | 2017 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **DM** | **DF** | **DP** | **Iomlán** | **DM** | **DF** | **DP** | **Iomlán** | **DM** | **DF** | **DP** | **Iomlán** |
| Poblacht na hÉireann | 7,867 | 1,439 | 1,964 | 11,270 | 8,332 | 1,376 | 2,150 | 11,858 | 8,910 | 1,196 | 2,247 | 12,353 |
| Tuaisceart Éireann | 103 | 7 | 19 | 129 | 118 | 10 | 21 | 149 | 138 | 3 | 30 | 171 |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 36 | 2 | 19 | 57 | 55 | 3 | 12 | 70 | 56 | 2 | 17 | 75 |
| An chuid eile den Domhan | 44 | 20 | 7 | 71 | 24 | 6 | 5 | 35 | 38 | 15 | 11 | 64 |
| **IOMLÁIN** | **8,050** | **1,468** | **2,009** | **11,527** | **8,529** | **1,395** | **2,188** | **12,112** | **9,142** | **1,216** | **2,305** | **12,663** |

### Tábla 6.3 Miondealú ar Líon na nDámhachtainí de réir an Chúige (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | 2019 | 2019 | 2019 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | **DM** | **DF** | **DP** | **Iomlán** |
| Baile Átha Cliath | 2,592 | 508 | 796 | **3,896** |
| An chuid eile de Chúige Laighean | 2,052 | 400 | 445 | **2,897** |
| Connachta-Ulaidh | 1,156 | 166 | 214 | **1,536** |
| An Mhumhain | 2,067 | 365 | 509 | **2,941** |
| Lasmuigh den Stát | 183 | 29 | 45 | **257** |

**Fíor 3.1 Líon na nDámhachtainí in aghaidh an Chontae**



**Fíor 3.2 % na nDámhachtainí in aghaidh an Chontae**



### Tábla 6.4 An Líon is Airde Dámhachtainí Foriomlána de réir an Chontae 2019 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 3,896 |
| Corcaigh | 1,083 |
| Luimneach | 736 |
| Cill Dara | 540 |

### Fíor 6.8 Líon is Airde na nDámhachtainí DF de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 508 |
| Corcaigh | 144 |
| Cill Dara | 88 |
| Luimneach | 72 |

### Tábla 6.5 An Líon is Ísle Dámhachtainí Foriomlána de réir an Chontae 2019 (bunaithe ar sheoladh an éilitheora)

| | |
|---|---|
| Liatroim | 51 |
| Ceatharlach | 124 |
| Ros Comáin | 130 |
| Sligeach | 138 |

### Fíor 6.9 Líon is Ísle na nDámhachtainí DF de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Liatroim | 3 |
| Sligeach | 12 |
| Ros Comáin | 12 |
| An Longfort | 14 |

### Tábla 6.6 Líon is Airde na nDámhachtainí DM de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 2,592 |
| Corcaigh | 758 |
| Luimneach | 537 |
| Cill Dara | 375 |

### Fíor 6.10 Líon is Airde na nDámhachtainí DP de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 796 |
| Corcaigh | 181 |
| Luimneach | 127 |
| Lú | 83 |

### Fíor 6.7 Líon is Ísle na nDámhachtainí DM de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Liatroim | 39 |
| Ceatharlach | 93 |
| Ros Comáin | 99 |
| Laois | 104 |

### Fíor 6.11 Líon is Ísle na nDámhachtainí DP de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Liatroim | 9 |
| Ceatharlach | 14 |
| Muineachán | 15 |
| Uíbh Fhailí/Ros Comáin | 19 |

